GA 2023

28

Tuarascáil speisialta

Soláthar poiblí san Aontas Eorpach

Níos lú iomaíochta maidir le conarthaí a dámhadh le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhisí sna 10 mbliana roimh 2021



CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Ábhar

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-IX
Réamhrá	01-17
Soláthar poiblí san Aontas Eorpach	01-04
Creat dlíthiúil an Aontais le haghaidh soláthair phoiblí	05-10
Róil agus freagrachtaí ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach	11-12
Tenders Electronic Daily (TED)	13-15
Tuarascálacha tíre ó Bhallstáit agus Scórchlár an Mhargaidh Aonair ón gCoimisiún	16-17
Scóip agus cur chuige na hiniuchóireachta	18-29
Barúlacha	30-107
Níos lú iomaíochta i soláthar poiblí de réir príomhthráscairí le 10 mbliana anuas	30-46
Líon ard dámhachtainí díreacha i roinnt Ballstát	31-34
Tháinig méadú faoi dhó nach mór ar an sciar de nósanna imeachta tairisceana aonair le 10 mbliana anuas	35-40
Is ionann soláthar díreach trasteorann agus thart ar 5 % de na dámhachtainí conartha uile	41-44
Ní dhéantar faireachán ar phraghsanna na n-oibreacha, na n-earraí ná na seirbhísí a cheannaítear faoi chonarthaí soláthair phoiblí	45-46
Níor comhlíonadh príomhchuspóirí athchóiriú 2014 ar na treoracha go fóill: simpliú, rochtain FBM agus soláthar straitéiseach	47-66
Níl an soláthar poiblí níos simplí lena riar anois	48-56
Níor tháinig méadú foriomlán ar sciar na gconarthaí a dámhadh do FBManna	57-58
Cuireann formhór údaráis chonarthacha na mBallstát an soláthar straitéiseach chun feidhme ar bhealach an-teoranta	59-61
Is dúshlán fós iad an tsláine agus an trédhearcacht	62-64
Cothromaíocht íogair idir iomaíocht agus cuspóirí athchóiriú 2014	65-66

Easnaimh i bhfaireachán an Choimisiúin ar sholáthar poiblí san Aontas 67-81

Tá easpa faisnéise sna tuarascálacha faireacháin náisiúnta faoin staid iomaíoch i mBallstáit nó in earnálacha eacnamaíocha 68-70

Níl sonraí TED iomlán ná cruinn go leor fós 71-75

Ní thugann Scórchlár an Choimisiúin léargas cuimsitheach láidir ar staid an tsoláthair phoiblí 76-81

Gníomhaíochtaí teoranta ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar iomaíocht i soláthar poiblí 82-107

Ar leibhéal an Aontais, ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach an laghdú ar iomaíocht soláthair phoiblí 83-89

Easpa airde á tabhairt ar bhunchúiseanna na hiomaíochta teoranta ar an leibhéal náisiúnta 90-91

Roinnt tosca a raibh tionchar acu ar an iomaíocht a sainaithníodh tríd an iniúchóireacht 92-100

Gníomhaíochtaí maolaitheacha scaipthe chun baic ar iomaíocht i soláthar poiblí a laghdú 101-107

Conclúidí agus moltaí 108-120

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Táscairí an Scórchláir

Iarscríbhinn II – Modheolaíocht anailíse sonraí

Iarscríbhinn III – Deais Soláthair Phoiblí CIE – Treoir d'úsáideoirí

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Tráthchlár

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I Caitear tuairim is €2 trilliún (14 % d'Olltáirgeacht intíre an Aontais Eorpaigh) ar sholáthar poiblí gach bliain. Is príomhghné den mhargadh aonair é soláthar poiblí ó thaobh eacnamaíochta agus comhtháthaithe de, agus cabhraíonn sé le húdaráis phoiblí an luach is fearr ar airgead a bhaint amach nuair atá oibreacha, earraí agus seirbhisí á gceannach acu. Tá creat dlíthiúil an Aontais ar sholáthar poiblí comhdhéanta de roinnt treoracha, agus rinneadh péire acu sin a athchóiriú (chomh maith le ceann nua a thabhairt isteach) in 2014.

II Ba é an aidhm a bhí ag na reachtóirí le hathchóiriú 2014 ná: soláthar a dhéanamh níos solúbtha le nósanna imeachta simplithe; rochtain na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna) ar chonarthaí poiblí a fheabhsú; agus úsáid níos straitéisí a chothú maidir le soláthar poiblí chun torthaí níos fearr a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag athchóiriú 2014 freisin ceanglais trédhearcachta a athneartú, agus forálacha maidir le hiontaofacht a neartú chun cabhrú le héilliú agus calaois a chosc.

III Rinne ár n-iniúchadh measúnú ar leibhéal na hiomaíochta le haghaidh soláthair phoiblí i margadh aonair an Aontais thar thréimhse 10 mbliana, agus ar ghníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit chun na baic ar sholáthar iomaíoch a shainaithint, agus aghaidh a thabhairt orthu, chun leasa an luach is fearr ar airgead a bhaint amach. I dtaca le hanailís a dhéanamh ar cén chaoi ar fhorbair leibhéal na hiomaíochta le himeacht ama, ar cén tionchar a bhí ag athchóiriú 2014 ar na leibhéil iomaíochta, agus ar baineadh amach cuspóirí eile den athchóiriú, bhaineamar úsáid as sonraí oscailte a bhí ar fáil maidir le soláthar poiblí san Aontas sna 10 mbliana roimh 2021. D'fhonn ár n-anailís sonraí a dhéanamh, d'fhorbraíomar deais idirghníomhach a bhfuil fáil ag an bpobal air, agus a ligeann d'anailís bhreise a dhéanamh ar shonraí a bailíodh dár n-iniúchadh.

IV Thugamar faoin iniúchadh seo chun léargas a sholáthar agus feasacht a ardú faoi leibhéal na hiomaíochta i soláthar poiblí cúig mbliana i ndiaidh an spriocdháta le haghaidh trathsuí na dteorainneacha soláthair phoiblí go dlí náisiúnta. Is éard is cuspóir do na moltaí uainn ná rannchuidiú le feabhsuithe a d'fhéadfadh cuidiú le húdaráis chonarthacha sna Ballstáit chun an luach is fearr ar airgead a fháil le haghaidh airgid phoiblí.

V Ar an iomlán, tagaimid ar an gconclúid gur laghdaigh an leibhéal iomaíochta maidir le conarthaí poiblí chun oibreacha, earraí agus seirbhisí a sholáthar le 10 mbliana anuas i margadh aonair an Aontais. Tá easpa feasachta ann i dtaca le hiomaíocht a bheith mar réamhriachtanas do luach ar airgead le haghaidh soláthair airgid. Níor bhain an Coimisiún ná na Ballstáit úsáid chórasach as na sonraí atá ar fáil chun bunchúiseanna na hiomaíochta teoranta a shainaithint, agus ní dhearna siad ach gníomhaíochtaí scaipthe chun baic ar iomaíocht i soláthar poiblí a laghdú.

VI Is éard a léirítear inár n-anailís ar na sonraí atá ar fáil ná na nithe seo a leanas: méadú suntasach ar thairiscintí aonair go iomlán, ardleibhéal dámhachtain conarthaí díreacha sa chuid is mó de Bhallstáit, agus leibhéal teoranta de sholáthar trasteorann díreach idir Ballstáit. De bhrí nár baineadh amach roinnt cuspóirí ó athchóiriú 2014 fós, tagaimid ar an gconclúid nach raibh aon tionchar inléirithe ag teacht i bhfeidhm treoracha 2014. Os a choinne sin, de réir na dtairgeoirí agus na n-údarás conarthach, eascraíonn ualach suntasach riaracháin fós mar gheall ar nósanna imeachta soláthair phoiblí, níl méadú suntasach tagtha ar sciar FBManna atá rannpháirteach i soláthar poiblí, agus is annamh go gcuirtear gnéithe straitéiseacha (e.g. gnéithe chomhshaoil, sóisialta agus nuálaíochta) san áireamh i dtairiscintí poiblí. De bhrí go bhfuil rátaí foilsithe íseal i gcónaí, tá tionchar diúltach aige sin ar thrédhearcacht freisin, ar príomhchoimirce í in aghaidh an riosca calaoise agus éilithe. Tugaimid ar aire freisin go bhféadfadh sé tarlú uaireanta go bhfuil cuid de na cuspóirí ó athchóiriú 2014 ag teacht salach ar ollchuspóir chreat dlíthiúil an Aontais, i.e. iomaíocht i soláthar poiblí a chinntiú.

VII Shainaithin ár n-iniúchadh freisin gur gá don Choimisiún a fhaireachán ar sholáthar poiblí a fheabhsú: is beag sonraí a bailíodh ar dhámhachtain conarthaí i gcónaí, agus níl na sonraí ar fad cruinn. Tá easnaimh ag baint le huirlisí faireacháin an Choimisiúin a chuireann teorainn lena n-éifeachtacht agus lena dtrédhearcacht.

VIII Ar deireadh, léiríonn ár n-anailís nach dtugann an Coimisiún ná na Ballstáit aird leordhóthanach ar iomaíocht i soláthar poiblí. Is annamh go mbíonn tionscnaimh ann chun sonraí soláthair phoiblí a anailísiú, agus chun na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis an laghdú ar leibhéal na hiomaíochta a shainaithint, agus níl ach feasacht bheag ann maidir leis an bhfadhb ar leibhéal an Choimisiúin agus na mBallstát. Cé gur sheol an Coimisiún straitéis soláthair phoiblí in 2017, ní dhearna sé ach cúpla gníomhaíocht chun na cúiseanna le hiomaíocht laghdaithe i dtairiscintí poiblí a scrúdú, nó chun aghaidh a thabhairt orthu.

IX Bunaithe ar na cúiseanna sin, iarraimid ar an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cuspóirí soláthair phoiblí a shoiléiriú agus tús áite a thabhairt dóibh;
- na bearnaí a dhúnadh i dtaca le sonraí soláthair phoiblí a bailíodh;
- feabhas a chur ar a uirlisí faireacháin ar mhaithe le hanailísiú níos fearr; agus
- anailís níos doimhne a dhéanamh ar na cúiseanna is bun leis an laghdú agus bearta a chur chun cinn chun príomhbhaic a shárú maidir le hiomaíocht i soláthar poiblí.

Réamhrá

Soláthar poiblí san Aontas Eorpach

01 Is éard atá i gceist le soláthar poiblí ná an próiseas ina gceannaíonn údaráis phoiblí oibreacha, earraí agus seirbhisí ó sholáthróirí trí phróiseas oscailte agus iomaíoch d'fhonn cáilíocht agus luach ar airgead a bhaint amach. Caitear tuairim is €2 trilliún ar sholáthar den sórt sin in aghaidh na bliana. Is ionann é sin agus thart ar 14 % d'Olltáirgeacht intíre (OTI) na 27 mBallstát de chuid an Aontais[1], dá ngairtear 'AE-27' as seo síos. Mar sin, is é an soláthar poiblí ceann de na príomhdhreasadóirí i dtaca le fás an gheilleagair agus i dtaca le fostaíocht.

02 Is príomhchuspóir den soláthar poiblí é an luach is fearr ar airgead a bhaint amach nuair atá oibreacha, earraí agus seirbhisí á soláthar. Is réamhriachtanas é an iomaíocht chun an cuspóir sin a bhaint amach, i.e. méid leordhóthanach soláthróirí a bheith sa mhargadh, agus iad a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

03 I margadh aonair an Aontais, ba cheart conarthaí poiblí a dhámhachtain i ndáil leis an tairiscint is fearr, gan beann ar an tír chónaitheach den chuideachta a chuireann an tairiscint isteach. Fógraítear in Airteagal 26 de Chonradh na Róimhe: 'Is é rud a bheidh sa mhargadh inmheánach spás gan teorainneacha inmheánacha ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil [...]'. Rannchuidíonn roghnú na gcuideachtaí is fearr ó thaobh feidhmíochta de le margaí a dhéanamh níos iomaíche agus cosnaíonn sé leas an phobail.

04 Dá mbeadh rialtacht cuí déanta ar sholáthar poiblí san Aontas mar sin, d'fhéadfadh sé sin na nithe seo a leanas a dhéanamh: an geilleagar a spreagadh, comhtháthú Eorpach a fheabhsú, comhlíontacht le prionsabail na trédhearcachta a neartú, chomh maith le prionsabail na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe, na frithpháirteachta, na comhréireachta agus na héifeachtúlachta a neartú. Dá réir sin, bheadh riosca laghdaithe ag baint le calaois agus éilliú.

---

[1] Suíomh gréasáin AS GROW maidir le soláthar poiblí (mar a bhí ar fáil ó Mheitheamh 2023).

Creat dlíthiúil an Aontais le haghaidh soláthair phoiblí

Treoracha soláthair phoiblí

05 Is é is aidhm do chreat dlíthiúil an Aontais le haghaidh soláthair phoiblí ná a chinntiú go gcuirtear tacar rialachán comhchuibhithe chun feidhme nuair atá conarthaí á ndámhachtain. Tá an creat comhdhéanta de go leor treoracha. Rinneadh athchóiriú ar dhá threoir in 2014:

- Treoir 2014/24/AE lena sainmhínítear na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme go ginearálta;
- Treoir 2014/25/AE maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist.

An bhliain chéanna, tugadh isteach Treoir 2014/23/AE maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain.

06 Is féidir cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair phoiblí i gcúig chéim (féach *Fíor 1*).

Fíor 1 – An próiseas soláthair phoiblí



Pleanáil	Fógra conartha	Dámhachtain chonartha	Fógra faoi dhámhachtain chonartha	Feidhmíocht an chonartha
– Riachtanais a shainaithint – Roghnú an chineáil nós imeachta – Sainmhíniú ar na critéir roghnúcháin – Sainmhíniú ar na critéir dhámhachtana	– Foilsiú an fhógra conartha de réir na dtairseach Eorpach	– Tairiscintí a fháil agus a anailísiú – Rogha tairisceana bunaithe ar chritéir dhámhachtana – Síniú an chonartha	– Foilsiú an fhógra dámhachtain chonartha de réir na dtairseach Eorpach	– An t-ordú/na hoibreacha a fháil – Sonrascadh – Íocaíocht

Foinse: CIE.

Conarthaí thar agus faoi thairseacha an Aontais

07 Tá feidhm dhíreach ag an trí threoir sin maidir le tairgeoirí ar mó a luach conartha ná méid sonrach. Ón 1 Eanáir 2022, ba iad seo a leanas na príomhthairseacha:

- €5 382 000 le haghaidh oibreacha poiblí;
- €140 000 le haghaidh conarthaí rialtais lárnacha;
- €215 000 le haghaidh conarthaí rialtais áitiúla agus réigiúnacha;
- €750 000 le haghaidh conarthaí seirbhisí sonracha atá sóisialta agus eile nach iad.

08 Tá feidhm ag rialacha náisiúnta faoi na tairseacha sin. Is gá do na rialacha náisiúnta sin na prionsabail ghinearálta a leagtar amach sna treoracha a chomhlíonadh freisin áfach.


Athchóiriú 2014 ar na treoracha

09 Ba é an aidhm a bhí ag athchóiriú 2014 ar na treoracha ná soláthar a dhéanamh níos solúbtha le nósanna imeachta simplithe, agus dá réir sin rochtain FBManna ar chonarthaí poiblí a fheabhsú; agus úsáid níos straitéisí a chothú maidir le soláthar poiblí chun torthaí níos fearr a sholáthar ar mhaithe le cuspóirí beartais phoiblí shóisialta agus eile a bhaint amach. Bhí sé mar aidhm ag athbhunú 2014 freisin ceanglais thrédhearcachta a athneartú, agus forálacha maidir le hiontaofacht a neartú chun cabhrú le héilliú agus calaois a chosc[2].

10 Ag an tráth sin, ceanglaíodh ar Bhallstáit an Aontais (28 mBallstát ag an am) treoracha 2014 a thrathsuí go dlí náisiúnta faoi Aibreán 2016. Faraor, bhí moill ar an gcuid ba mhó díobh déanamh amhlaidh. Níor chuir ceithre Bhallstáit (an Ostair, Lucsamburg, an Phortaingéil, ná an Spáinn) a ndlíthe náisiúnta maidir le soláthar poiblí in oiriúint le Treoir 2014/24/AE go dtí 2018, agus níor tháinig na hathruithe i bhfeidhm sa mhargadh aonair go dtí an bhliain sin (féach ***Fíor 2***).

[2] COM(2017) 0572 'An soláthar poiblí a chur ag obair san Eoraip agus ar son na hEorpa', lch. 3.

Fíor 2 – Trathsuí Treoir 2014/24 de réir an Bhallstáit (2015-2018)



Foinse: CIE.

Róil agus freagrachtaí ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach

11 Déanann os cionn 250 000[3] údarás conarthach a nósanna imeachta soláthair phoiblí i margadh aonair an Aontais. Is comhlachtaí poiblí iad na húdaráis sin (ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil), ach is gníomhaithe nach bhfuil poiblí iad freisin a fheidhmíonn le coinníollacha sonracha, neamh-iomaíocha. I ngach Ballstát, tá ar a laghad comhlacht poiblí amháin atá freagrach as soláthar poiblí a mhaoirsiú.

[3] Suíomh gréasáin AS GROW maidir le soláthar poiblí.

12 Laistigh den Choimisiún, roinneann dhá Ard-Stiúrthóireacht an fhreagracht as beartais sholáthair phoiblí agus as cur chun feidhme na dtreoracha sna Ballstáit:

- an Ardstiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (AS GROW) sa Choimisiún, atá i bhfeighil ar bheartas soláthair phoiblí, agus ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoracha AE ábhartha sna Ballstáit;
- Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh[4] a oibríonn córas Tenders Electronic Daily (TED), chomh maith leis na suíomhanna gréasáin eTendering agus eNotices[5].

Tenders Electronic Daily (TED)

13 Maidir le gach glao ar thairiscint agus fógra dámhachtain conarthaí le haghaidh soláthair, a bhfuil luach thar thairseach an Aontais is infheidhme orthu, is gá iad a fhoilsiú ar TED ionas go mbeidh fógra faighte ag soláthróirí féideartha faoi dheiseanna soláthair ar na bacáin. Féadfaidh údaráis chonarthacha nósanna imeachta faoin tairseach a fhoilsiú freisin sa chóras sin.

14 In 2020, foilsíodh os cionn 640 000 fógra in TED de réir Oifig na bhFoilseachán. Meastar gur bhain na fógraí sin le 226 000 nós imeachta soláthair phoiblí agus gurbh ionann a luach agus €800 billiún. Ó 2016, bhí fáil ar na fógraí sin go poiblí mar shonraí oscailte[6].

15 Cibé uair a mbaineann údaráis chonarthacha úsáid as ardáin sholáthair phoiblí chun fógraí conarthacha a fhoilsiú, caithfidh na Ballstáit a chinntiú go ndéantar na sonraí ar fad do nósanna imeachta thar an tairseach a aistriú go TED i gcomhréir le (Airteagal 51 de Threoir 2014/24/AE).

---

[4] Suíomh gréasáin d'Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

[5] Leathanach baile do shuíomh gréasáin TED.

[6] Tacair sonraí TED ar data.europa.eu.

Tuarascálacha tíre ó Bhallstáit agus Scórchlár an Mhargaidh Aonair ón gCoimisiún

16 Gan TED a chur san áireamh, tá dhá ionstraim eile ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar staid an tsoláthair phoiblí san Aontas: 1) ceanglaítear ar Bhallstáit[7] tuarascálacha faireacháin de réir tíre tríbhliantúla a thíolacadh don Choimisiún (féach míreanna ***68***-***70***), agus 2) tá Scórchlár an Mhargaidh Aonair ag an gCoimisiún ('an Scórchlár').

17 Tá roinn tiomnaithe sa Scórchlár a chuireann sonraí ar fáil maidir le soláthar poiblí san Aontas i bhfoirm 12 thráscaire, atá miondealaithe de réir tíre. As na táscairí sin, mheas an Coimisiún go raibh trí cinn ábhartha go háirithe, agus go dtí Eanáir 2023, rinne siad seiceáil orthu faoi thrí chun táscaire ilchodach foriomlán a ríomh (féach ***Iarscríbhinn 1***):

- an ráta 'gan glao ar tairiscint', a dhéanann sciar na gconarthaí a dámhadh do chuideachtaí i ndiaidh nós imeachta caibidlíochta ceal glao ar thairiscintí a thomhas (dá ngairtear freisin 'dámhachtain dhíreach');
- an ráta 'tairiscintí aonair', a dhéanann cion na gconarthaí a dámhadh ina raibh aon tairgeoir amháin a thomhas;
- an 'ráta foilsithe', a dhéanann luach nósanna imeachta soláthair phoiblí a fhógraítear ar TED a thomhas mar chion de OTI náisiúnta.

[7] Treoir 2014/24/AE, Airteagail 83 agus 85.

Scóip agus cur chuige na hiniuchóireachta

18 Rinne ár n-iniúchadh measúnú ar leibhéal na hiomaíochta le haghaidh soláthair phoiblí i margadh aonair an Aontais thar thréimhse 10 mbliana, agus ar ghníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit chun na baic ar sholáthar iomaíoch a shainaithint, agus aghaidh a thabhairt orthu, chun leasa an luach is fearr ar airgead a bhaint amach. Go sonrach, scrúdaíomar an méid seo a leanas:

- cén chaoi ar tháinig forbairt ar iomaíocht i soláthar poiblí i margadh inmheánach an Aontais, laistigh de na Ballstáit agus de na réigiúin, agus in earnálacha sonracha idir 2011 agus 2021, agus an raibh aon tionchar ag athchóiriú 2014 i ndáil leis sin;
- ar comhlíonadh cuspóirí eile in athchóiriú 2014 ar na treoracha maidir le soláthar poiblí;
- an bhfuil an faireachán an Choimisiúin ar staid an tsoláthair phoiblí san Aontas éifeachtach;
- an ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit anailís ar na sonraí atá ar fáil chun na bunchúiseanna le caillteanas iomaíochta i soláthar poiblí a shainaithint, agus an ndearna siad gníomhaíocht chun an treocht sin a aisiompú.

19 Chumhdaigh ár n-iniúchadh tréimhse 2011-2021. Mar sin, bhíomar in ann féachaint an raibh tionchar ag trasuí threoracha 2014 sa dlí náisiúnta ar staid an tsoláthair phoiblí sna Ballstáit éagsúla. Níor tháinig Treoir 2009/81/CE maidir le soláthar poiblí a bhaineann le cosaint agus le slándáil faoi scóip ár n-iniúchta, ós rud é nár cumhdaíodh í faoi athchóiriú 2014.

20 Inár n-iniúchadh, i gcomhréir lenár gcoincheap iomaíochta (féach mír ***02***), dhíríomar ar na trí tháscaire do sheiceáil tríthaobhach sa Scórchlár (féach mír ***17***), toisc go sainaithnítear leo leibhéal na hiomaíochta teoranta, nó fiú leibhéal na hiomaíochta gan a bheith ann, agus glactar leo go forleathan, dá bhrí sin, mar chomhartha ar iompar neamhéifeachtúil margaidh a chruthaíonn baol do sholáthar a bhfuil ‘an luach is fearr ar airgead’ air, agus ar an gcaoi sin go gcruthaítear baol d’úsáid éifeachtúil a bhaint as airgead poiblí. Is féidir leo freisin cleachtas éillitheach a léiriú, amhail sonraíochtaí tairisceana a chur in oiriúint do chuideachtaí áirithe.

21 Mar chuid dár gcuid oibre, thiomsaíomar tacar cuimsitheach sonraí maidir le soláthar poiblí i margadh aonair an Aontais. Cumhdaíonn sé sin AE-27, móide dhá cheann de thíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (an Íoslainn agus an Iorua), agus an Ríocht Aontaithe (go dtí tráth a tarraingthe siar ón Aontas in 2021). Tá an tacar sonraí sin bunaithe ar shonraí TED mar a chuir an Coimisiún i láthair ar **data.europa.eu**, agus mar atá chomhlánaithe le sonraí oscailte níos mionsonraithe maidir le soláthar poiblí (ó **Opentender.eu**). Fágann sé sin gur féidir anailís a dhéanamh ar threochtaí, ós rud é go gcumhdaíonn sé tréimhse 11 bhliain (ó 2011 go 2021). Mar gheall gur conarthaí ar leith iad conarthaí lamháltais, níor cuireadh san áireamh iad san anailís ar threochtaí. Tá na sonraí a bhailíonn na córais soláthair náisiúnta éagsúil ó Bhallstát go chéile agus, dá bhrí sin, ní féidir comparáid cheart a dhéanamh eatarthu. Níor áiríodh sonraí den sórt sin inár dtacar sonraí, ná sonraí TED le haghaidh nósanna imeachta faoi thairseacha an Aontais.

22 Rinneamar anailís ansin ar shonraí i gcomhar le heolaithe sonraí seachtracha a bhfuil speisialtacht acu i soláthar poiblí. Tugtar tuilleadh sonraí in ***Iarscríbhinn II*** maidir lenár gcur chuige agus ár modheolaíocht. Mar gheall ar luachanna a bhí ar iarraidh, agus d'fhonn inchomparáideacht a cheadú idir na Ballstáit, bhí an anailís sonraí a rinneadh bunaithe ar líon na nósanna imeachta soláthair phoiblí, seachas ar a luach airgeadúil.

23 Chun ár n-anailís sonraí a dhéanamh, d'fhorbraíomar deais idirghníomhach ('Deais Soláthair Phoiblí CIE'). Tá an uirlis seo ar fáil go poiblí[8], agus cuireann sé ar chumas daoine a bhfuil suim acu anailís bhreise a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear dár n-iniúchadh, de réir Ballstáit, réigiúin (leibhéal NUTS-2, arb é Ainmníocht na nAonad Críochach le haghaidh Staidrimh é), agus na hearnála eacnamaíche. Tá na treoracha chun an uirlis seo a úsáid ar fáil in ***Iarscríbhinn III***.

24 Rinneamar suirbhé agus agallaimh chun an fhaisnéis chainníochtúil a fhaightear ónár n-anailís sonraí a chomhlánú le faisnéis cháilíochtúil, agus chun tuiscint níos fearr a fháil ó thaobh na mBallstát de maidir le staid an tsoláthair phoiblí agus na bunchúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le hiomaíocht theoranta i soláthar poiblí ina dtíortha féin, chomh maith le haon ghníomhaíocht mhaolaitheach a rinne an Coimisiún i ndáil leis sin.

[8] https://public.tableau.com/app/profile/gti1940/viz/eca_dashboard/Story.

25 Seoladh an suirbhé chuig tuairim is 400 teagmhálaí in údaráis a bhíonn ag déileáil le cúrsaí soláthair phoiblí in AE-27, ar ainmnigh Ballstáit cuid acu chun bheith rannpháirteach i meithleacha an Choimisiúin maidir le soláthar poiblí. Bhí ceisteanna ann faoi na nithe seo a leanas:

- staid an tsoláthair phoiblí ina dtír féin a chuirtear i láthair i Scórchlár an Mhargaidh Aonair;
- na dúshláin a bhaineann le soláthar poiblí iomaíoch ina dtíortha féin;
- a gcomhar leis an gCoimisiún;
- saincheisteanna sonracha faoin soláthar poiblí ina dtír féin.

26 Rinneamar agallaimh dhoimhne le hionadaithe ó chomhlachtaí maoirseachta sna sé Bhallstát seo a leanas: an Chróit, an Danmhairg, an Ghréig, an Ungáir, Lucsamburg agus an Pholainn. Roghnaíodh na sé Bhallstát bunaithe ar an anailís sonraí agus ar thorthaí an tsuirbhé d'fhonn léirithe éagsúla a léiriú.

27 Rinneamar athbhreithniú freisin ar an reachtaíocht reatha, teachtaireachtaí agus treoraíocht ón gCoimisiún, agus ar litríocht, staidéir agus páipéir bheartais sa réimse acadúil.

28 Ar deireadh, bhí plé painéil againn le saineolaithe soláthair phoiblí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, ón saol acadúil, agus ó eagraíochtaí gnó agus gnólachtaí comhairliúcháin chun a dtuairimí a fháil maidir le staid an tsoláthair phoiblí san Aontas.

29 Rinneamar an t-iniúchadh sin chun léargas a thabhairt ar an leibhéal iomaíochta a baineadh amach i soláthar poiblí cúig bliana tar éis an spriocdháta chun na treoracha maidir le soláthar poiblí a thrasuí sa dlí náisiúnta agus chun feasacht a ardú ina leith. Is éard atá i gceist ag na moltaí uainn ná rannchuidiú le feabhsuithe a d'fhéadfadh cuidiú le húdaráis chonarthacha sna Ballstáit chun an luach is fearr ar airgead a fháil le haghaidh airgid phoiblí ina soláthairtí.

Barúlacha

Níos lú iomaíochta i soláthar poiblí de réir príomhtháscairí le 10 mbliana anuas

30 Rinneamar grinn-anailís agus úsáid á baint againn as na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit in TED chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil forbairt tagtha ar leibhéal na hiomaíochta le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhísí i margadh aonair an Aontais, agus i ngach ceann de Bhallstáit AE-27 le linn na tréimhse 2011-2021. Go háirithe, chruthaíomar amshraith do thrí phríomhtháscaire chun iomaíocht i soláthar poiblí a thomhas ('gan glao ar thairiscintí', 'táirgeoir aonair', agus 'líon na dtairgeoirí'), bunaithe ar na sonraí ar fad a bhí ionchódaithe in TED le haghaigh nósanna imeachta os cionn na dtairseacha (féach ***Iarscríbhinn II***). Bhreathnaíomar freisin ar dhifríochtaí réigiúnacha agus earnálacha. Rinneamar scrúdú ar an gcaoi ar tháinig athrú ar an soláthar díreach trasteorann le himeacht ama, ós rud é gur táscaire ábhartha é sin freisin. Ar deireadh, rinneamar seiceáil ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar phraghsanna oibreacha, earraí agus seirbhísí a sholáthraíonn údaráis phoiblí, ós rud é go bhféadfadh méaduithe ar phraghsanna os cionn an ráta boilscithe praghsanna do thomhaltóirí a léiriú go bhfuil iomaíocht lag ann freisin.

Líon ard dámhachtainí díreacha i roinnt Ballstát


31 Ciallaíonn dámhachtain dhíreach nach bhfoilsíonn údarás poiblí glao ar thairiscintí, ach go dtéann sé go díreach chuig cuideachta amháin nó níos mó, ag iarraidh orthu tairiscint a chur isteach. Déantar é seo a thomhas leis an táscaire 'Gan glao ar thairiscintí'. De réir an tsainmhínithe, cuireann an cur chuige sin srian ar iomaíocht. Mura ndéantar teagmháil ach le cuideachta amháin, níl aon chomórtas ann ar chor ar bith.

32 De réir threoracha soláthair an Aontais, ní cheadaítear cur chuige den sórt sin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla[9], e.g. i gcásanna nár cuireadh tairiscint isteach nó nár cuireadh aon tairiscint oiriúnach isteach mar fhreagairt ar nós imeachta oscailte nó srianta; i gcásanna ina bhfuil cúiseanna fíorphráinne; i gcásanna ina leanann an conradh comórtas dearaí; i gcásanna ina ndéantar oibreacha nua arís as oibreacha comhchosúla faoi na coinníollacha céanna.

[9] Treoir 2014/24/AE, Airteagal 32.

33 In 2021, b'ionann 'gan glao ar thairiscintí' le thart ar 15.8 % de na nósanna imeachta soláthair ar fad i margadh aonair an Aontais a thuairiscigh na Ballstáit ar TED. Léirigh ár n-anailís freisin go n-athraíonn ráta na ndámhachtainí díreacha ó Bhallstát go chéile. In 2021, bhí na meánrátaí dámhachtana dírí idir 3.1 % (an Ghréig) agus 42.3 % (an Chipir), rud a léiríonn go bhfuil difríochtaí suntasacha i gcleachtais soláthair phoiblí in údaráis chonarthacha na mBallstát. Bhí roinnt Ballstát tar éis úsáid dámhachtainí díreacha a laghdú le linn na tréimhse faoi athbhreithniú (e.g. an Ghearmáin), d'fhan an úsáid sin cobhsaí i mBallstáit eile (e.g. Éire), agus bhí méadú suntasach tagtha ar an úsáid chéanna i mBallstáit eile arís (e.g. an Chipir). Sa Scórchlár, meastar gur bratach dhearg é an ráta 'gan glao ar thairiscintí' atá os cionn 10 %, agus in 2021, b'amhlaidh an staid i bhformhór na mBallstát (23 as 27) (féach ***Fíor 3***).

Fíor 3 – Gan glao ar thairiscintí – Sciar de réir Ballstáit (2011 agus 2021)




* Tá sonraí ar fáil don Chróit ó thráth a haontachais in 2013.

Foinse: Táb 'Cleachtais Thairiscthe' ó Dheais CIE.

34 Fuaireamar freisin go raibh ilchineálacht shuntasach freisin ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha i ndáil leis an sciar den soláthar a dhámhtar go díreach agus i ndáil le héabhlóid an ráta dámhachtana dhírigh le himeacht ama (féach ***Fíor 4***). Mar shampla, le linn na tréimhse 11 bhliain a cumhdaíodh, bhí níos lú dámhachtainí díreacha ann do sheirbhísí airgeadais, agus in 2021 ba í an earnáil fuinnimh a léirigh an líon dámhachtainí díreacha ab airde. Léiríonn sé sin go bhfuil éagsúlacht shuntasach ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha i gcur chuige na n-údarás conarthach maidir le conarthaí a dhámhachtain go díreach, in éagmais aon iomaíochta, agus go n-athraíonn sé sin le himeacht ama freisin.

Fíor 4 – Gan glao ar thairiscintí – Sciar de réir roinne roghnaithe (2011 agus 2021)




Foinse: Táb 'Cleachtais Thairiscthe' ó Dheais CIE.

Tháinig méadú faoi dhó nach mór ar an sciar de nósanna imeachta tairisceana aonair le 10 mbliana anuas

35 Ciallaíonn tairiscint aonair nach léiríonn ach cuideachta amháin spéis san fholúntas, agus go gcuireann sí tairiscint isteach ar sholáthar poiblí ar leith. I gcásanna den sórt sin, toisc nach bhfuil aon iomaíocht ann, glacann an t-údarás conarthach leis an tairiscint amháin sin a fuarthas, nó cuireann sé deireadh leis an nós imeachta.

36 Le linn na tréimhse 2011-2021, tháinig méadú suntasach ar an ráta tairisceana aonair ar fud mhargadh aonair an Aontais ó 23.5 % (2011) go 41.8 % (2021) sna nósanna imeachta go léir. Ag an am céanna, tháinig laghdú beagnach faoina leath ar líon na dtairgeoirí in aghaidh an nóis imeachta, ag laghdú ó 5.7 tairgeoir ar an meán go 3.2 tairgeoir in aghaidh an nóis imeachta (féach ***Figiúr 5***).


Fíor 5 – Ráta tairisceana aonair agus meán-líon na dtairgeoirí (2011 agus 2021)



Foinse: Táb 'Táscairí Iomaíochta' ó Dheais CIE.

37 Bhreathnaíomar difríochtaí suntasacha freisin idir na Ballstáit: bhí an méadú ar an treocht tairisceana aonair ba mhó san Ostair, sa Danmhairg, sa Ghréig, san Ísiltír agus sa tSlóivéin. Ba iad na Ballstáit inar tháinig laghdú ar an tairiscint aonair ná an Chróit (tar éis di aontú leis an Aontas Eorpach agus tar éis di dul isteach sa mhargadh aonair), Málta agus an tSlóvaic. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn na sonraí difríochtaí suntasacha i leibhéal foriomlán na tairisceana aonair. Ag deireadh 2021, bhí sciar na dtairiscintí aonair faoi bhun 20 % de na nósanna imeachta go léir i dtrí Bhallstát amháin (an Fhionlainn, Málta agus an tSualainn), cé gur sáraíodh na leibhéil 50 % sa Chipir, sa Pholainn agus sa tSlóivéin. Is é 20 % tairseach na brataí dearga sa Scórchlár (féach ***Figiúr 6***).

Fíor 6 – Tairiscintí aonair – Sciar de réir Ballstáit (2011 agus 2021)



* Tá sonraí ar fáil don Chróit ó thráth a haontachais in 2013.

Foinse: Táb 'Táscairí Iomaíochta' ó Dheais CIE.


38 Shainaithníomar freisin difríochtaí suntasacha sa leibhéal tairisceana aonair idir réigiúin agus earnálacha eacnamaíocha. Tá samplaí de na difríochtaí réigiúnacha sin ar fáil i ***mBosca 1***.


Bosca 1


Difríochtaí réigiúnacha i leibhéil iomaíochta: samplaí ó cheithre Bhallstát le linn na tréimhse 2011-2021

AN GHRÉIG

Tá an ráta tairisceana aonair is airde sa Ghréig agus in AE ag **réigiún Peloponnese** (66.5 % de gach tairiscint).









AN PHOLAINN


Tá ráta tairisceana aonair i bhfad níos ísle ag réigiún **Lodz** ná mar atá ag codanna eile den tír.




AN UNGÁIR

Tá ráta tairisceana aonair 29.1 % ag an **Transdanubia lárnach**, agus scór 45.6 % i réigiún an Deiscirt Transdanubia.







AN BHEILG


Tá an ráta tairisceana aonair thart ar dhá oiread níos airde i gcúigí **Príomhchathracha na Vallúine agus na Bruiséile** i gcomparáid le Flóndras.



Foinse: Táb 'Iomaíocht Tíre' ó Dheais CIE. Léarscáil sa chúlra © Mapbox agus © OpenStreetMap ceadúnaithe faoi Creative Commons– Sannadh *ShareAlike 2.0* (CC BY-SA).

39 Rinneamar anailís ar earnálacha eacnamaíocha sonracha freisin: tógáil, fuinneamh, innealtóireacht, seirbhísí airgeadais, seirbhísí sláinte, trealamh leighis, deisiúcháin, seirbhísí séarachais, trealamh iompair agus seirbhísí iompair. Cé gur thángamar ar mhéadú suntasach ar thairiscint aonair i ngach earnáil eacnamaíoch, d'éirigh leis an earnáil tógála níos fearr ná na hearnálacha eile, agus bhí leibhéal tairisceana aonair níos ísle ar an iomlán aige, chomh maith le méadú níos moille ar na tairiscintí sin le himeacht ama. I gcomparáid leis sin, tá seirbhísí sláinte agus seirbhísí iompair agus trealamh faoi réir rátaí tairisceana aonair níos airde agus táthar ag méadú (féach ***Figiúr 7***).

Fíor 7 – Tairiscintí aonair – Sciar de réir roinne roghnaithe (2011 go dtí 2021)



Foinse: Táb 'Táscairí Iomaíochta' ó Dheais CIE.

40 Ar an iomlán, léiríonn ár n-anailís ar shonraí tairisceana aonair go bhfuil laghdú tagtha ar leibhéal na hiomaíochta i soláthar poiblí sa mhargadh aonair ó 2011 i leith. Ina theannta sin, tá leibhéal na dámhachtainí díreacha fós ard i bhformhór na mBallstát. Léiríonn sé sin nach raibh aon éifeacht inléirithe ag teacht i bhfeidhm threoracha 2014 ar leibhéal na dtairiscintí aonair ná ar dhámhachtainí díreacha.


Is ionann soláthar díreach trasteorann agus thart ar 5 % de na dámhachtainí conartha uile

41 Ábhar imní leanúnach ba ea an méid teoranta den soláthar poiblí trasteorann díreach, ar beag an tionchar a bhí aige ar chomhtháthú eacnamaíoch. Sular bunaíodh an margadh aonair ag deireadh 1992, b'ionann na conarthaí díreacha trasteorann a dhámh údaráis chonarthacha ar chuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh dá mBallstát féin agus thart ar 2 %[10] de na conarthaí soláthair uile. D'fhan an sciar sin cobhsaí le linn na tréimhse 2011-2021, ag thart ar 5 % de chonarthaí poiblí ar an meán.

42 Arís, léiríonn na sonraí difríochtaí suntasacha idir tíortha. Le linn na tréimhse 2011-2021, dhámh na húdaráis chonarthacha i bhformhór na mBallstát, lena n-áirítear na cinn is mó, níos lú ná 5 % dá gconarthaí oibreacha, earraí agus seirbhísí ar chuideachtaí atá lonnaithe thar lear. Níor dhámh ach trí thír níos mó ná 10 % dá soláthar carntha le linn thréimhse céanna 2011-2021 ar chuideachtaí thar lear: Lucsamburg ag beagnach 30 %, Éire ag 15 %, agus thart ar 10 % sa Bheilg (féach ***Fíor 8***).

[10] Bileoga eolais maidir le conarthaí soláthair phoiblí ó Pharlaimint na hEorpa.

Fíor 8 – Meánmhalartuithe díreacha trasteorann i mBallstáit an Aontais (2011 go 2021)



Foinse: CIE.

43 Is féidir malartuithe trasteorann a dhéanamh go hindíreach freisin trí chuibhreannais comhpháirtithe ó Bhallstáit éagsúla, nó trí fhochuideachtaí áitiúla de chuideachtaí eachtracha. Mar shampla, tá fochuideachtaí ag cuideachtaí móra an Aontais[11] sna hearnálacha airgeadais, fuinnimh agus tógála i bhformhór na mBallstát, nó fiú sna Ballstáit uile.

44 Fuarthas amach i staidéar ón gCoimisiún[12] maidir le dul i bhfód trasteorann thar thréimhse 2016-2019 gurbh ionann dámhachtainí indíreacha trasteorann agus thart ar 20 % de na nósanna imeachta le haghaidh conarthaí ar luach faoi bhun €200 milliún, agus b'ionann na dámhachtainí trasteorann díreacha agus thart ar 2.4 %. I gcás conarthaí os cionn €200 milliún[13], b'ionann dámhachtainí indíreacha trasteorann agus thart ar 28 % de na nósanna imeachta ar fad, agus seasann dámhachtainí díreacha trasteorann do 6 % díobh. Mar sin féin, toisc nach féidir le sonraí TED dámhachtainí indíreacha trasteorann a shainaithint (go príomha toisc nach bhfuil aon aitheantóir uathúil ann d'oibreoirí eacnamaíocha), ní féidir linn ár n-anailís féin a dhéanamh chun na figiúirí sin a dheimhniú.

Ní dhéantar faireachán ar phraghsanna na n-oibreacha, na n-earraí ná na seirbhísí a cheannaítear faoi chonarthaí soláthair phoiblí

45 Bíonn an baol ann i gcónaí go mbeidh praghsanna méadaithe i gceist le haon laghdú ar an iomaíocht. Mar sin féin, go dtí 2020, d'fhan boilsciú sa mhargadh aonair cobhsaí (faoi bhun 2 %), agus níor tháinig méadú air ach le déanaí[14].

46 Níl aon sonraí sonracha ann, áfach, maidir leis na praghsanna ar oibreacha, earraí ná seirbhísí poiblí. Ní dhéanann Eurostat ná AS GROW faireachán ar phraghsanna soláthair phoiblí san Aontas ná sna Ballstáit. In éagmais faisnéise den sórt sin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe ar leibhéil na hiomaíochta ar phraghsanna agus ar an gcostas a bhaineann le heaspa iomaíochta.

---

[11] Statista: Caipitliú margaidh do chuideachtaí móra ar stocmhalartán Euronext, amhail Feabhra 2023 (statista.com).

[12] Staidéar maidir le dul i bhfód trasteorann i margadh soláthair phoiblí san Aontas a thomhas ón gCoimisiún.

[13] Ibid.

[14] AS GROW: suíomh gréasáin maidir le boilsciú.

Níor comhlíonadh príomhchuspóirí athchóiriú 2014 ar na treoracha go fóill: simpliú, rochtain FBM agus soláthar straitéiseach

47 Bhí sé i gceist le hathchóiriú 2014 go leor athruithe a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann údaráis chonarthacha soláthar. D'fhéachamar ar thrí ghné ar leith chun a fháil amach ar baineadh amach na cuspóirí faoi thráth ár n-iniúchta: nósanna imeachta soláthair a shimpliú, rochtain níos éasca d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), agus úsáid an tsoláthair straitéisigh. Chuige sin, rinneamar scrúdú ar ár dtacar sonraí maidir le soláthar poiblí le linn na tréimhse 2011-2021 agus fuaireamar fianaise trínár suirbhé agus trínár n-agallaimh.

Níl an soláthar poiblí níos simplí lena riar anois


Tá méadú faoina leath tagtha ar fhad na nósanna imeachta riaracháin ó 2011 i leith

48 Measann tairgeoirí agus údaráis chonarthacha araon gur ualach trom é ualach riaracháin na nósanna imeachta soláthair phoiblí go ginearálta. Thug níos mó ná leath de fhreagróirí an tsuirbhé le fios freisin go raibh nósanna imeachta fada riaracháin ina bpríomh-dhíspreagadh do ghnólachtaí a ghlacann páirt i soláthar poiblí.

49 Thug na daoine a bhí faoi agallaimh againn le fios go bhfuil nósanna imeachta róchasta agus nach bhfuil siad chomh solúbtha le soláthar san earnáil phríobháideach, agus nach bhfuil aon simpliú suntasach ann a d'fhéadfadh conarthaí poiblí a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí.

50 Léirigh ár n-anailís ar shonraí go dtógann na nósanna imeachta reatha um dhámhachtain conarthaí i bhfad níos faide ná mar a thóg siad 10 mbliana ó shin. Go háirithe, tháinig méadú ó 62.5 lá in 2011 go 96.4 lá in 2021 ar an tréimhse fhoriomlán chinnteoireachta suas go dtí an t-am a dhámhtar conarthaí gan nósanna imeachta achomhairc in aghaidh cinntí dámhachtana a chur san áireamh. Níor ghiorraigh teacht i bhfeidhm threoracha 2014 an tréimhse sin (féach ***Fíor 9***).

Fíor 9 – Tréimhse chinnteoireachta go dtí tráth dámhachtana an chonartha (2011 agus 2021)



Foinse: Táb 'Cleachtais Thairiscthe' ó Dheais CIE.

Táthar fós ag fanacht ar thionchar ó Dhoiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar agus eForms

51 Le treoracha 2014, méadaíodh an deis le haghaidh féindearbhúcháin, rud a ligeann do thairgeoirí agus d'údaráis chonarthacha a dheimhniú gur comhlíonadh coinníollacha áirithe, laghdaítear a n-ualach riaracháin, agus cuirtear dlús le nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí.

52 Leis an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (ESPD), a tugadh isteach le Treoir 2014/24/AE, cuirtear creat ar fáil chun féindearbhú a riar i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar chritéir eisiaimh agus roghnúcháin (féach ***Bosca 2***).

Bosca 2

An Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar

Caithfidh údaráis chonarthacha na critéir a shainiú maidir le cuideachtaí a roghnú (e.g. acmhainneacht sheachadta, stádas airgeadais, cánacha a bheith íoctha go hiomlán, gan ciontuithe coiriúla, etc.) agus na critéir eisiaimh a liostáil in ESPD dá nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus iad a roinnt ar líne le tairgeoirí féideartha.

Is féidir le tairgeoirí féideartha a dheimhniú in ESPD go gcomhlíonann siad na critéir, ach ní gá dóibh fianaise thacaíochta a cheangal leis an deimhniú sin. Ní theastaíonn fianaise den sórt sin ach ó thairgeoirí rathúla.

53 Luadh i dtuarascáil maidir le ESPD a eisíodh i mBealtaine 2017[15], cé go raibh tionchar dearfach áirithe ag an úsáid a baineadh uaidh, bhí cur chun feidhme agus glacadh ESPD teoranta i roinnt mhaith Ballstát. Tráth ár gcuid oibre iniúchóireachta allamuigh, ní raibh tuarascáil ar fáil ag déanamh obair leantach ar úsáid ESPD ó 2017 i leith, ná ní raibh staitisticí nuashonraithe ar fáil maidir leis an úsáid atá á baint as ESPD faoi láthair.

54 Chuir an Coimisiún seirbhís ESPD ar fáil ar dtús chun tacú le glacadh ESPD. Tháinig deireadh leis an tseirbhís i mBealtaine 2019, a luaithe a chuir na Ballstáit uile a seirbhísí féin ar bun.

[15] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar chur i bhfeidhm praiticiúil an Doiciméid Aonair Eorpaigh maidir le Soláthar.

55 Modhanna eile simplithe is ea digitiú na nósanna imeachta maidir le foilsiú conarthaí agus caighdeánú foirmeacha soláthair phoiblí trí mheán leictreonach. Le hathchóiriú 2014, foráladh go nglacfadh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha. Glacadh an chéad rialachán cur chun feidhme den sórt sin in 2015, agus in 2019 ghlac an Coimisiún an rialachán cur chun feidhme eForms[16], ina sonraítear cur chun feidhme praiticiúil na gceanglas trédhearcachta agus foilsithe. Is príomhthionscnamh digitithe é lena gceanglaítear foirmeacha leictreonacha, caighdeáin choiteanna agus téarmaíocht a úsáid chun cáilíocht na n-údarás conarthach sonraí atá ionchódaithe in TED a fheabhsú, d'fhonn rochtain ionchasach soláthróirí ar sholáthar poiblí a mhéadú.

56 Mar sin féin, bhí cur chun feidhme eForms fós ar siúl tráth an iniúchta, ós rud é nár cuireadh tús leis go dtí Samhain 2022, agus bhí sé le bheith mar rogha fós go dtí Deireadh Fómhair 2023. Idir an dá linn, glacann tairseach TED le fógraí reatha TED agus fógraí nua eForms, agus taispeántar iad araon. As 432 520 fógra a foilsíodh sa chéad sé mhí ag leanúint de thabhairt isteach an Rialacháin eForms, ní raibh ach 374 fógra eForms ann. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh toisc, go pointe áirithe, gur leasaíodh an rialachán i Nollaig 2022, mí tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus d'fhéadfadh sé go raibh drogall ar úsáideoirí an leagan a bhí ar fáil an tráth ansin a úsáid dá bharr, agus gur shocraigh siad fanacht lena fháil amach an raibh aon leasuithe eile ann.


Níor tháinig méadú foriomlán ar sciar na gconarthaí a dámhadh do FBManna

57 Ba chuspóir tábhachtach eile d'athchóiriú 2014 ar na treoracha é rannpháirtíocht ard FBManna i soláthar poiblí, lena n-áiríodh forálacha spriocdhírithe chun go bhféadfaí iad a roinnt ina luchtóga. D'fhéadfadh úsáid na luchtóga sin rannpháirtíocht FBManna i soláthar poiblí a mhéadú, agus tríd an mbonn féideartha soláthróra a leathnú, d'fhéadfadh siad iomaíocht a mhéadú freisin.

[16] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha chun fógraí a fhoilsiú i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 (eForms) ón gCoimisiún.

58 In ár n-anailís sonraí, bhaineamar úsáid as dhá tháscaire chun rannpháirtíocht FBManna i soláthar poiblí a thomhas: Conraitheoirí FBManna agus tairiscintí FBManna. Is ó 2016 ar aghaidh amháin a bheidh na sonraí do na Ballstáit uile ar fáil. Go ginearálta, ní léiríonn na sonraí méadú foriomlán ar rannpháirtíocht FBManna (conraitheoirí FBManna agus tairiscintí FBManna), ach tá an cás éagsúil ó Bhallstát go chéile. Mar shampla, tháinig méadú ar líon na FBManna rannpháirteacha san Ostair agus sa Liotuáin, ach tháinig laghdú ar an tSualainn agus ar an bhFionlainn, agus i bhformhór na mBallstát d'fhan an líon sin cobhsaí den chuid is mó (féach ***Fíor 10***).

Fíor 10 – Rannpháirtíocht FBManna – sciar na gconraitheoirí agus na dtairiscintí (2016 go 2021)



Nótaí: Ní raibh sonraí sásúla ar fáil don Rómáin.


Foinse: Táb 'Táscairí an Scórchláir' ó Dheais CIE.

Cuireann formhór údaráis chonarthacha na mBallstát an soláthar straitéiseach chun feidhme ar bhealach an-teoranta

59 Ba phríomhchuspóir eile d'athchóiriú na dtreoracha in 2014 é gnéithe comhshaoil, sóisialta agus nuálacha a spreagadh agus a chur san áireamh níos mó i soláthar oibreacha, earraí agus seirbhísí. Tagraítear go ginearálta dó sin mar sholáthar straitéiseach. Go praiticiúil, ciallaíonn sé gur féidir le húdaráis chonarthacha dul níos faide ná an critéar praghais is ísle, agus gur féidir an 'tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch' a bheith mar aidhm acu (MEAT). Chuige sin, ní mór d'údaráis chonraitheoireachta na critéir roghnúcháin agus ceanglais theicniúla a shonrú a chuirfidh an toradh atá beartaithe ar fáil, gan srian saorga a chur ar iomaíocht.

60 Léirigh ár n-anailís ar shonraí, áfach, gurb ionann sciar na gconarthaí a dámhadh i bhfabhar na tairisceana is ísle agus formhór na ndámhachtana i ngach Ballstát. In 2021, bhí ocht mBallstát inar sháraigh leibhéal na dámhachtana i bhfabhar na tairisceana is ísle 80 % fiú, rud a bhfuil bratach dhearg curtha leis sa Scórchlár (féach ***Fíor 11***). Níl aon táscairí sonracha eile ag an Scórchlár chun soláthar straitéiseach a thomhas (féach mír ***76***).

Fíor 11 – An sciar de dhámhachtainí conartha bunaithe ar an tairiscint is ísle (2011 agus 2021)



Foinse: Táb 'Cleachtais Thairiscthe' ó Dheais CIE.

61 Thairis sin, i bhformhór na mBallstát, tháinig méadú fiú ar mhinicíocht an chritéir dámhachtana sin bunaithe ar an bpraghas is ísle fiú le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, rud a léiríonn nach raibh ach tionchar teoranta ag cur chun cinn soláthairtí straitéiseacha sa chás is fearr (féach ***Fíor 11***).

Is dúshlán fós iad an tsláine agus an trédhearcacht

62 Ós rud é go mbaineann suimeanna móra d'airgead poiblí le soláthar poiblí, tá baol ann go ndéanfar calaois agus éilliú. Dá bhrí sin, tá trédhearcacht i soláthar poiblí ríthábhachtach, ní hamháin chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar phróisis agus ar chinntí, ach chun a áirithiú freisin go dtabharfar lucht déanta cinntí chun cuntais. Rannchuidíonn sé freisin le soláthar poiblí oscailte agus le hiomaíocht dá bharr. Is dúshlán suntasach é líon ard na n-údarás conarthach beag, ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil den chuid is mó, chun sláine agus trédhearcacht a áirithiú. Is amhlaidh atá go háirithe toisc gur minic a dhámhtar conarthaí poiblí beaga go díreach.

63 Sa Scórchlár, déantar trédhearcacht a thomhas i dtéarmaí ráta foilsithe gach Ballstáit, ar ráta é a chomhfhreagraíonn do luach chonarthaí an tsoláthair phoiblí a fhógraítear ar TED mar chion d'olltáirgeacht intíre náisiúnta. Léiríonn ráta foilsithe níos airde go ndearnadh níos mó nósanna imeachta soláthair ar bhealach iomaíoch, chomh maith le trédhearcacht níos fearr a bheith ag baint leo.

64 Mar sin féin, léiríonn sonraí[17] go raibh ráta foilsithe míshásúil níos lú ná 5 % ag níos mó ná leath de Bhallstáit AE-27 (arb ionann é agus luach na brataí dearga a léirítear ar an Scórchlár), le linn thréimhse 2011 go 2021, agus nach léirítear feabhas ar ár n-anailís ar threochtaí le himeacht ama. Léiríonn torthaí an tsuirbhé freisin easpa feasachta ar an tsaincheist agus nach bhfuil níos mó ná 43 % de fhreagróirí ag déanamh faireacháin ar an táscaire seo.

[17] Táb 'Táscairí an Scórchláir' ó Dheais CIE.

Cothromaíocht íogair idir iomaíocht agus cuspóirí athchóiriú 2014

65 Áiríodh tacar cuspóirí in athchóiriú 2014 ar na treoracha. Cé go bhfuil idirnasc idir na cuspóirí sin, agus cé go meastar leo go gcuirfeadh siad le feidhmíocht fhoriomlán i soláthar poiblí a fheabhsú, ní dhíríonn siad go sainráite ar iomaíocht, agus fiú amháin d'fhéadfadh siad iomaíocht a laghdú uaireanta. Mar shampla, is é an mhíbhuntáiste a bhaineann le bearta simpliúcháin áirithe, amhail an dóchúlacht mhéadaithe ar dhámhachtainí díreacha, go bhfuil srian ón tús ar líon na dtairgeoirí féideartha, agus dá bhrí sin ar an iomaíocht.

66 Sampla eile is ea conarthaí a roinnt ina luchóga níos lú, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go mbeidh FBManna rannpháirteach ar thaobh amháin, ach, ar an taobh eile, is féidir leis an iomaíocht sna margaí atá faoi cheannas cuideachtaí móra a laghdú.

Easnaimh i bhfaireachán an Choimisiúin ar sholáthar poiblí san Aontas

67 Tá an Coimisiún freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach mhargadh aonair an Aontais. Is cuid lárnach de sin é an soláthar poiblí. Dá bhrí sin, rinneamar scrúdú ar na huirlisí atá ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar staid an tsoláthair phoiblí.

- Tuarascálacha faireacháin tíre: rinneamar athbhreithniú ar thuarascálacha faireacháin tíre na sé Bhallstát inár sampla;
- Tairiscintí Laethúla Leictreonacha (TED): rinneamar scrúdú ar iomláine agus ar chruinneas na sonraí atá ionchódaithe ag na húdaráis chonarthacha in TED;
- Scórchlár an Mhargaidh Aonair maidir le soláthar poiblí: rinneamar athbhreithniú ar dhearadh an Scórchláir.

Tá easpa faisnéise sna tuarascálacha faireacháin náisiúnta faoin staid iomaíoch i mBallstáit nó in earnálacha eacnamaíocha

68 Faoi threoracha 2014, ní mór d'údaráis ábhartha na mBallstát faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha soláthair phoiblí, agus ní mór torthaí na gníomhaíochta sin a fhoilsiú gach trí bliana agus a chur chuig an gCoimisiún i dtuarascáil faireacháin. Is é an aidhm atá ann ná sonraí a thiomsú chun gur féidir beartas soláthair phoiblí a mheas agus a bhainistiú ar bhealach níos láidre.

69 Fuair an Coimisiún sraith tosaigh tuarascálacha idir 2018 agus 2021 (trí bliana tar éis do na Ballstáit na treoracha a ionchorprú sa dlí náisiúnta)[18]. Foilsíodh iad sin ina dhiaidh sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus úsáideadh an fhaisnéis mar ionchur don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus dea-chleachtais na mbeartas soláthair náisiúnta sa mhargadh inmheánach, a foilsíodh i mBealtaine 2021[19].

70 Fuaireamar nach bhfuil sa tuarascáil ón gCoimisiún ach cur síos ginearálta ar staid an tsoláthair phoiblí san Aontas, agus nach dtugtar aon fhaisnéis shonrach nó mhionsonraithe maidir leis an staid iomaíochta sna Ballstáit nó sna hearnálacha eacnamaíocha, ná a mhéid a baineadh amach cuspóirí straitéiseacha d'athchóiriú 2014. Dar leis an gCoimisiún, b'amhlaidh an cás mar gheall ar an bhfaisnéis chainníochtúil theoranta a chuir na húdaráis náisiúnta atá freagrach ar fáil ina dtuarascálacha faireacháin. Fuaireamar freisin nach bhfuil tuarascálacha tíre na mBallstát maidir le soláthar poiblí aonfhoirmeach sa chaoi a ndéanann siad sonraí a thuairisciú.

Níl sonraí TED iomlán ná cruinn go leor fós


Tá saincheist ann i gcónaí faoi luachanna ar iarraidh

71 Léirigh ár n-anailís go bhfuil iomláine sonraí fós ina saincheist mhór do TED, in ainneoin gur tháinig feabhas suntasach air ó 2011 i leith. Tá luachanna ar iarraidh in thart ar 30 % de na conarthaí faoi láthair, agus ní raibh aon athrú ar an bhfigiúr sin den chuid is mó ó 2017 i leith (féach ***Fíor 12***).

[18] Suíomh gréasáin maidir le tuarascálacha tíre agus faisnéis faoi thíortha an Aontais ó AS GROW.

[19] Tuarascáil ón gCoimisiún 'Cur chun feidhme agus dea-chleachtais na mbeartas soláthair náisiúnta sa Mhargadh Inmheánach'.


Fíor 12 – Forbairt na luachanna ar iarraidh i sonraí TED



Foinse: CIE.

72 Is iad na luachanna is minice a bhíonn in easnamh ná an uimhir chlárúcháin náisiúnta (os cionn 86 % de na nósanna imeachta) agus luach measta na dámhachtana (os cionn 63 % de na nósanna imeachta) (féach ***Fíor 13***). Le forálacha na dtreoracha soláthair agus na rialachán cur chun feidhme, níl sé de cheangal ar údaráis chonarthacha ceachtar réimse a líonadh isteach. Fuaireamar amach freisin nach mbailítear sonraí ábhartha eile, amhail sonraí maidir le líon, fad agus toradh na nósanna imeachta achomhairc lena ndéantar agóid i gcoinne chinntí dámhachtana. Tá na sonraí sin ábhartha don anailís ar sholáthar poiblí.

Fíor 13 – Príomhréimsí TED a ndearna luachanna ar iarraidh difear dóibh i dtréimhse 2011-2021



Foinse: CIE.

Níl sonraí TED ar fad cruinn

73 Tá údaráis chonarthacha na mBallstát freagrach as cruinneas agus iomláine na sonraí soláthair a chuirtear isteach in TED. Agus muid ag breathnú ar thréimhse iomlán 2011-2021, fuaireamar amach go raibh feabhas tagtha ar chruinneas sonraí le himeacht ama, go háirithe tar éis rialacha bailíochtaithe a thabhairt isteach in TED a bhfuil feidhm acu nuair a dhéantar foirmeacha ionchuir a phróiseáil. Mar shampla, chuir liostaí anuas d'ítimí réamhshainithe (seachas réimsí saorthéacs) feabhas ar chomhsheasmhacht sonraí (e.g. trí ionchur cóid NUTS nach bhfuil ag teacht le hainm na tíre a cuireadh isteach a chosc) agus cuireadh teachtaireachtaí rabhaidh isteach chun ionchuir mhíchearta a chosc. D'fhéadfaí an cháilíocht a fheabhsú tuilleadh trí rialuithe níos leabaithe agus trí bhainistíocht máistirshonraí nuair atá sonraí á gcur isteach, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin ar úsáideoirí freisin.

74 Mar sin féin, léirigh ár n-anailís freisin go bhfuil saincheist fós ann faoi luachanna neamhghnácha go minic. Mar shampla, fuaireamar roinnt samplaí, e.g. bréagáin naíolainne agus leabhair leabharlainne, inar iontráladh sonraí luach an chonartha go hearráideach mar €9 999 999 999.99. Shainaithníomar freisin go leor neamhréireachtaí sna sonraí maidir le leasuithe conartha, aicmiú míchruinn conartha, agus earráidí i réimsí áirithe (e.g. critéir dhámhachtana agus suíomh dámhachtana).

Easpa comhaontaithe maidir le haitheantóir uathúil a úsáid ar fud an Aontais

75 Ar deireadh, tugaimid ar aire nach bhfuil aon aitheantóir uathúil coitianta ann do sholáthraithe agus d'údaráis chonarthacha. Cruthaíonn sé sin bac d'údaráis chonarthacha toisc go gcuireann sé teorainn lena gcumas anailís a dhéanamh ar sholáthairtí de réir soláthraí. Bheadh sé tairbhiúil freisin úsáid a bhaint as aitheantóir coiteann uathúil chun an t-úinéir tairbhiúil deiridh a shainaithint, rud a d'éascódh anailís ar sholáthairtí indíreacha trasteorann. Tugann dhá thionscnamh de chuid an Choimisiúin bealaí chun dul i ngleic leis an easnamh sin (féach ***Bosca 3***). Tugaimid ar aire nach bhfuil aon chomhaontú idir na Ballstáit maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an t-aitheantóir uathúil sin. D'fhéadfadh eIDAS, an cháin bhreisluacha nó uimhir EORI a bheith i gceist leis an gcomhaontú sin.

Bosca 3

Tionscnaimh de chuid an Aontais le haghaidh aitheantóir uathúil do sholáthraithe agus d'údaráis chonarthacha

Ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbhearta (eIDAS)

Tá sé beartaithe leis an rialachán eIDAS creat dlíthiúil comhchoiteann a bhunú ar fud na hEorpa chun úsáid ríomh-shainaitheantais agus ríomhsheirbhísí iontaoibhe a éascú le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama agus ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe.

Cuireadh eIDAS chun feidhme in 2016 chun teacht in ionad na rialachán maidir le e-Signature agus e-Identity a bhí ann roimhe seo. Is éard atá i gceist aige ná muinín as ríomh-idirbhearta a fheabhsú trí bharántúlacht, sláine, rúndacht agus neamhshéanadh doiciméad leictreonach agus teachtaireachtaí a áirithiú.

Uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha (EORI)

Is í an uimhir EORI an uimhir chlárúcháin agus aitheantais AE do ghnólachtaí a iompórtálann nó a onnmhairíonn earraí isteach nó amach as an Aontas. Ní mór d'aon ghnólacht nó d'aon oibreoir aonair atá bunaithe san Aontas uimhir EORI a fháil óna n-údarás náisiúnta custaim.

Ní thugann Scórchlár an Choimisiúin léargas cuimsitheach láidir ar staid an tsoláthair phoiblí

Ábhar teoranta an Scórchláir

76 Braitheadh inár n-athbhreithniú roinnt easnamh i Scórchlár an Mhargaidh Aonair de chuid an Choimisiúin. Go háirithe, níl táscairí sonracha ann i roinnt réimsí:

- **Difríochtaí réigiúnacha agus earnálacha:** tá cleachtais soláthair phoiblí éagsúil ó Bhallstát go chéile, ach laistigh de na Ballstáit féin freisin. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, tosca réigiúnacha nó earnáilsonracha a chur san áireamh, ar tosca iad nach n-éiríonn leis an leagan reatha den Scórchlár a dhéanamh. D'fhéadfaí mionchoigeartú den sórt sin a thabhairt isteach, ós rud é go ndéantar aitheantóirí réigiúnacha (cóid NUTS) agus aitheantóirí earnála (cóid do Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar) a bhailiú agus a thaifeadadh i mbunachar sonraí TED.

- **Soláthar trasteorann:** cé gur féidir malartuithe díreacha trasteorann a thomhas, ní féidir é sin a dhéanamh fós i gcás malartuithe indíreacha trasteorann. Ós rud é nach bhfuil aitheantóir uathúil ann d'oibreoirí eacnamaíocha a thaifeadtar in TED, áfach, ní féidir idirbhearta den sórt sin a shainaithint. In éagmais aitheantóra uathúil den sórt sin, ní mór an úinéireacht thairbhiúil deiridh a chinneadh, rud a bheadh ina phríomhghné chun trédhearcacht a mhéadú chun tairbhe an chomhraic i gcoinne na calaoise agus an éillithe.

- **Soláthar straitéiseach:** ní chuireann aon cheann den 12 tháscaire atá sa Scórchlár faisnéis faireacháin ar fáil maidir le gnéithe sochaíocha, comhshaoil nó nuálacha an tsoláthair phoiblí.

- **Soláthar aonthairisceana:** bheadh táscairí comhlántacha a thugann léargas breise ar leibhéal na hiomaíochta ar fáil ach nach n-úsáidtear iad. Bheadh meánlíon na dtairgeoirí in aghaidh na luchtóige, agus meánlíon na luchtóg in aghaidh na tairisceana úsáideach. Cuireann siad faisnéis ar fáil maidir leis an spéis i gcodanna aonair den chonradh agus maidir le méid na gconarthaí agus maidir le scóip agus castacht na gconarthaí atá á dtairiscint.

- **Nósanna imeachta soláthair atá cistithe ag an Aontas:** tá táscairí sonracha in easnamh ar an Scórchlár faoi láthair maidir le nósanna imeachta soláthair arna gcistiú ag an Aontas. D'fhéadfaí a áireamh ar na táscairí lena dtomhaistear éifeachtacht agus éifeachtúlacht na nósanna imeachta áirithe sin an céatadán de chistí an Aontais a leithdháiltear ar sholáthar poiblí, an t-am a thógann sé conarthaí a bhronnadh, agus freagairt do thairgeoirí ar ghlaonna an Aontais. Dá n-áireofaí táscairí den sórt sin sa Scórchlár, d'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht nósanna imeachta náisiúnta agus Eorpach agus rannchuideofaí le rialachas eolasach.

- **Fianaise faoi nósanna imeachta achomhairc i gcoinne chinntí dámhachtana na n-údarás conarthach:** níl aon fhaisnéis sa Scórchlár faoi láthair maidir le nósanna imeachta achomhairc a sheol tairgeoirí nár éirigh leo agus a dhéanann agóid i gcoinne cinntí dámhachtana maidir le nósanna imeachta soláthair inar ghlac siad páirt, amhail a líon, a bhfad agus a dtoradh.

77 Thairis sin, níl ach ceithre bliana de shonraí stairiúla sa leagan is déanaí den Scórchlár, a tugadh cothrom le dáta le linn ár n-iniúchta (Feabhra 2023), ach tá sonraí ar feadh tréimhse níos faide ar fáil agus d'fhéadfaí iad a chur san áireamh. Cuireann sé sin teorainn leis an bhféidearthacht treochtaí a shainaithint.

Athruithe modheolaíochta nach nochtar ar bhealach trédhearcach i gcónaí

78 Fuarthas amach inár n-iniúchadh freisin nach gcuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le gnéithe áirithe modheolaíochta atá mar bhunús leis na sonraí a chuirtear i láthair sa Scórchlár. Mar shampla, ní nochtar go trédhearcach na modhanna a úsáidtear chun táscairí a ríomh ná an t-údar atá leis na tairseacha aicmithe. Éilíonn an Scórchlár níos mó trédhearcachta ina leith sin.

79 Tá athrú tagtha arís agus arís eile ar ábhar an Scórchláir. Thosaigh an Coimisiún le sé tháscaire in 2014, ar tháinig méadú orthu go naoi gcinn in 2015, agus bhí 12 cinn ann ó bhí 2017 ann. Tá roinn nua dar teideal 'táscairí feidhmíochta' sa leagan is déanaí a eisíodh in 2023. Mar sin féin, ní dhéanann na táscairí nua sin tomhas ar fheidhmíocht an tsoláthair phoiblí ann féin, ach ar ghnéithe trédhearcachta.

80 Is sampla eile é an táscaire ilchodach a úsáideadh go dtí Feabhra 2023 chun feidhmíocht na mBallstát in ábhair soláthair phoiblí a rangú (féach ***Iarscríbhinn I***). Ríomhadh an táscaire sin ar bhonn 12 tháscaire eile ina raibh na rátaí 'tairiscint aonair', 'gan glao ar thairiscintí' agus na 'rátaí foilsithe' seiceáilte faoi thrí, agus i gcás cinn eile, amhail rannpháirtíocht FBManna, gan ach aon trian seiceáilte. Ba sheiceáil treallach a bhí ann, agus níor chuir an suíomh gréasáin aon mhíniú ar fáil ar an réasúnaíocht bhunúsach, ná ar an gcúis nár leanadh ar aghaidh leis.

Tá ardghnéithe tuairiscithe ar iarraidh

81 Ar deireadh, laige eile sa Scórchlár is ea easpa ardghnéithe tuairiscithe. Ní sholáthraíonn an comhéadan úsáideora graif idirghníomhacha, onnmhairí, ná scagairí úsáideoir-shainithe, murab ionann agus an suíomh gréasáin opentender.eu. Tá na gnéithe sin le cur san áireamh sa Spás Sonraí an tSoláthair Phoiblí (PPDS) atá ag teacht go luath. Tairseach aonair sonraí maidir le soláthar poiblí a bheidh i gceist ag an gCoimisiún ó 2024 ar aghaidh chun TED agus an Scórchlár a chomhlánú (féach ***Bosca 4***). Mar sin féin, ní bheidh sé éigeantach do Bhallstáit sonraí a roinnt trí PPDS.

Bosca 4

Spás Shonraí an tSoláthair Phoiblí (PPDS)

I dteachtaireacht a foilsíodh an 16 Márta 2023, d'fhógair an Coimisiún seoladh Spáis Sonraí an tSoláthair Phoiblí (PPDS)[20]. Tá sé beartaithe leis an mbonneagar nua TF sin bunachair sonraí Eorpacha a nascadh, lena n-áirítear bunachar sonraí TED um sholáthar poiblí, agus tacair sonraí soláthair náisiúnta. De réir a chéile, bainfidh an Coimisiún leas as PPDS ó 2023 ar aghaidh agus tá sé ag súil go mbeidh sé ag feidhmiú go hiomlán faoi 2025.

[20] Alt nuachta ó AS GROW 'Spás Sonraí um Sholáthar Poiblí:Saibhreas sonraí soláthair phoiblí an Aontais a scaoileadh san Eoraip'.

Gníomhaíochtaí teoranta ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar iomaíocht i soláthar poiblí

82 Ar deireadh, rinneamar scrúdú ar na gníomhartha a rinne an Coimisiún chun bunchúiseanna an laghdaithe in iomaíocht soláthair phoiblí ó 2011 i leith a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Rinneamar suirbhé freisin, agus chuireamar agallamh ar ionadaithe na n-údarás conarthach agus na gcomhlachtaí poiblí atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar poiblí chun a dtuairimí a fháil maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin agus staid an tsoláthair phoiblí ina dtíortha faoi seach.

Ar leibhéal an Aontais, ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach an laghdú ar iomaíocht soláthair phoiblí

Ag leanúint d'athchóiriú 2014, dhírigh faireachán an Choimisiúin ar thrathsuí na dtreoracha go dlí náisiúnta go ceart agus in am trátha, seachas ar ghnéithe den iomaíocht

83 Ba é príomhfhócas ghníomhaíochtaí faireacháin an Choimisiúin ná treoracha soláthair phoiblí 2014 a thrasuí sa dlí náisiúnta, chomh maith le haon ghníomhaíochtaí forfheidhmithe a rinneadh. Is éard a bhí sna gníomhaíochtaí eile a rinneadh ó tháinig treoracha 2014 i bhfeidhm ná treoirlínte a eisiúint maidir le soláthar poiblí a sheoladh[21].

84 Tar éis dó faireachán a dhéanamh ar thrasuí na dtreoracha sa dlí náisiúnta, sheol an Coimisiún dhá bhabhta de nósanna imeachta um shárú[22]. Sa chéad bhabhta i Nollag 2016, measadh go ndearna 15 Bhallstát na treoracha a thrasuí go déanach[23]. Bhí an dara babhta níos scaipthe thar bhlianta agus bhain sé le dlíthe náisiúnta ó 16 Bhallstát nár chomhlíon na treoracha.

---

[21] Suíomh gréasáin maidir le soláthar poiblíó AS GROW.

[22] Suíomh gréasáin an Choimisiúin maidir le himeachtaí um shárú.

[23] Meamram ó Nollaig 2016 ón gCoimisiún Eorpach maidir le Sáruithe.

85 Maidir le tréimhse an trasuí, thugamar ar aire nár dhírigh an Coimisiún a dhóthain ar thionscnaimh chun feasacht a fheabhsú agus iomaíocht, luach ar airgead agus éifeachtúlacht a mhéadú dá bharr. Go háirithe, níor bhain an Coimisiún úsáid spriocdhírithe as na sonraí a bhí ar fáil chun bunchúiseanna na hiomaíochta teoranta i soláthar poiblí san Aontas a shainaithint, agus níor thosaigh na Ballstáit le gníomhaíocht mhaolaitheach a chur i ngníomh go córasach (féach mír ***104***).

Chuir an Coimisiún tús le roinnt gníomhaíochtaí mar a leagtar amach ina straitéis 2017, ach is beag beart a bhaineann leis na baic ar iomaíocht i soláthar poiblí

86 An 3 Deireadh Fómhair 2017, cé go raibh trasuí na dtreoracha sa dlí náisiúnta tugtha chun críche ag formhór na mBallstát cheana féin, d'fhoilsigh an Coimisiún straitéis um sholáthar poiblí dar teideal 'An soláthar poiblí a chur ag obair san Eoraip agus don Eoraip'[24]. Luaitear sa straitéis go bhfuil 'an soláthar poiblí ag brath ar iomaíocht oscailte chun an luach is fearr ar airgead poiblí a sholáthar', agus aithníodh inti 'nach bhfuil ann don phróiseas iomaíoch seo, nó go bhfuil sé ag cailleadh déine'[25]. Sa straitéis sin[26], gheall an Coimisiún go n-oibreodh sé le húdaráis soláthair phoiblí sna Ballstáit, trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil chun soláthar a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtaí, agus chun a bheartais forfheidhmithe féin a shaothrú.

87 Go háirithe, sainaithníodh sa straitéis sé réimse ina bhféadfaí gníomhaíochtaí a dhéanamh chun cabhrú leis na Ballstáit torthaí níos fearr a fháil óna nósanna imeachta soláthair phoiblí. D'fhéadfadh formhór na dtograí an iomaíocht a mhéadú freisin (féach ***Bosca 5***).

[24] COM(2017) 0572 'An soláthar poiblí a chur ag obair san Eoraip agus ar son na hEorpa'.

[25] Ibid.

[26] Ibid.

Bosca 5

Gníomhaíochtaí atá beartaithe chun torthaí soláthair níos fearr a bhaint amach

Ina straitéis do 2017, shainaithin an Coimisiún na sé réimse seo a leanas a bhféadfaí gníomhaíochtaí a thionscnamh ina leith faoi dheireadh 2018:

— Réimse 1: Glacadh níos leithne an tsoláthair phoiblí straitéisigh a áirithiú agus cur chuige spriocdhírithe a chur i bhfeidhm maidir le hearnálacha tosaíochta áirithe;

— Réimse 2: Ceannaitheoirí poiblí a ghairmiúlú;

— Réimse 3: Rochtain ar mhargaí soláthair a fheabhsú;

— Réimse 4: Trédhearcacht agus sláine a mhéadú, agus sonraí a fheabhsú;

— Réimse 5: Borradh a chur faoi chlaochlú digiteach an tsoláthair;

— Réimse 6: Comhoibriú chun soláthar a dhéanamh le chéile.

88 Ó shin i leith, áiríodh ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin i réimse an tsoláthair phoiblí meithleacha a reáchtáil maidir le topaicí sonracha (amhail eProcurement), seisiúin oiliúna a eagrú agus foilseacháin a eisiúint[27] maidir le cleachtais soláthair agus ábhair shonracha ó sholáthar nuálaíochta go riachtanais FBManna i soláthar poiblí. Thairis sin, rinne an Coimisiún staidéir i gcomhar le comhairleoirí seachtracha.

89 Fuaireamar nach raibh ach fíorbheagán gníomhaíochtaí chun an soláthar poiblí a neartú curtha i gcrích faoi spriocdháta 2018. Thairis sin, fuaireamar gur minic a d'fhan na gníomhaíochtaí sin ilroinnte agus neamhchórasach. Le déanaí, thugamar faoi deara go raibh glacadh suntasach i ngníomhaíocht. Go háirithe, seoladh roinnt tionscadal tar éis thús an iniúchta seo, go háirithe Ardán Phobal na gCeannaitheoirí Poiblí (féach ***Bosca 6***).

[27] Suíomh gréasáin maidir le soláthar poiblí ó AS GROW.

Bosca 6

‘Ceannaitheoirí móra ag obair le chéile’

Sheol an Coimisiún an tionscadal[28] chun tacú le comhar idir ceannaitheoirí poiblí a bhfuil cumhacht láidir ceannaigh acu agus chun úsáid níos leithne an tsoláthair phoiblí straitéisigh a chur chun cinn le haghaidh réitigh nuálacha inbhuanaithe. Trí bheith ag obair le chéile agus a n-acmhainní a chomhthiomsú, is féidir le cathracha, comhlachtaí ceannaigh lárnacha, agus mórcheannaitheoirí poiblí eile an chumhacht agus an tionchar atá acu sa mhargadh a uasmhéadú. Tá 10 ‘bpobal cleachtais’ á gcruthú ar an ardán sin, gach ceann acu dírithe ar tháirge, obair nó seirbhís ar leith a cheannach ina bhfuil gá le comhar Eorpach.

Easpa airde á tabhairt ar bhunchúiseanna na hiomaíochta teoranta ar an leibhéal náisiúnta

90 Léirítear sa suirbhé agus sna hagallaimh gur dhírigh na Ballstáit a n-aird den chuid is mó ar chomhlíonadh na rialacha soláthair seachas ar fheidhmíocht. Léiríonn torthaí an tsuirbhé go raibh teorainn le feasacht na mBallstát ar shaincheisteanna iomaíochta. Ní raibh thart ar an tríú cuid de fhreagróirí an tsuirbhé ar an eolas faoi roinn an Scórchláir maidir le faireachán ar sholáthar poiblí. Níor dhearbhaigh ach 61 % de na freagróirí gur bhain siad úsáid as an táscaire ‘tairisceana aonair’, agus d’fhreagair 55 % níos ísle de fhreagróirí go n-úsáideann siad an táscaire ‘gan glao ar thairiscintí’. Mheas 23 % de fhreagróirí go raibh ábharthacht theoranta ag baint le ‘tairiscint aonair’, nó ní raibh tuairim ar bith acu, agus mheas 27 % de fhreagróirí amhlaidh i gcás an táscaire ‘gan glao ar thairiscintí’.

91 Ar an iomlán, is beag gníomhaíocht a d’úsáid na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar iomaíocht i soláthar poiblí ar an leibhéal náisiúnta (féach ***Bosca 7***). Mar sin féin, tá easpa feasachta ar an iomaíocht agus ar luach ar airgead ar an iomlán. Go háirithe, bhraith roinnt dár n-agallaithe agus leathchuid de fhreagróirí an tsuirbhé go raibh saincheist faoi dhearadh nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus tionchar na nósanna imeachta sin ar iomaíocht, fad is a comhlíonadh na rialacha ábhartha.

[28] Suíomh gréasáin maidir le Pobal na gCeannaitheoirí Poiblí ón gCoimisiún.

Roinnt tosca a raibh tionchar acu ar an iomaíocht a sainaithníodh tríd an iniúchóireacht

Dearadh cuí nósanna imeachta soláthair phoiblí

92 D'fhéadfadh critéir roghnúcháin nó ceanglais theicniúla atá róshriantach teorainn a chur le líon na gcuideachtaí atá in ann páirt a ghlacadh i nós imeachta soláthair phoiblí, nó le líon na dtáirgí a d'fhéadfaí a cheannach. Shainaithin os cionn 40 % dár bhfreagróirí suirbhé na critéir nó ceanglais atá sriantach mar chúiseanna a rannchuidíonn le tairiscint aonair. Ag an am céanna, níor chreid ach thart ar aon trian de na freagróirí gur bhain na dúshláin sin lena dtír féin.

93 D'fhéadfadh úsáid sonraíochtaí teicniúla saincheaptha an iomaíocht a shaobhadh trí chuidiú le cuideachta ar leith. Mar sin féin, luaigh roinnt Ballstát (an Danmhairg, Lucsamburg agus an Pholainn) cásanna sonracha soláthair, amhail trealamh leighis a cheannach, nó seirbhísí sonracha iompair, ina bhfuil sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe ina bpríomhriachtanas chun soláthar poiblí éifeachtach a áirithiú.

Is lú an iomaíocht i soláthar poiblí mar thoradh ar chomhchruinniú an mhargaidh

94 De réir ionadaithe na mBallstát, is príomhthoisc eile é comhchruinniú an mhargaidh, i.e. nuair nach bhfuil ach líon teoranta cuideachtaí in iomaíocht i margadh ar leith, go bhfuil an iomaíocht íseal. Leagadh béim air sin sna freagraí ar an suirbhé agus le linn na n-agallamh. Mheas beagnach leath dár bhfreagróirí suirbhé gur mhínigh margaí eacnamaíocha srianta tairiscint aonair go páirteach ar a laghad, agus cheap 45 % gur mhínigh na margaí sin freisin ardleibhéal na nósanna imeachta idirbheartaithe agus na dámhachtana araon a rinneadh in éagmais glao ar thairiscintí.

95 Braitheann comhchruinniú an mhargaidh go mór ar an earnáil eacnamaíoch agus d'fhéadfadh anailís earnála mhionsonraithe léargas breise a thabhairt. As na Ballstáit a cuireadh faoi agallamh, ní raibh ach an Pholainn agus an Ungáir tar éis tús a chur le staidéir ar an ábhar sin. I gcás na hUngáire, iarradh é sin faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus ceanglaíodh é leis an nós imeachta coinníollachta maidir leis an smacht reachta a tionscnaíodh ina choinne. Bhí na staidéir sin ar siúl agus dá bhrí sin, ní raibh siad ar fáil tráth an iniúchta.

96 D'fhoilsigh an Coimisiún staidéar ar chomhchruinnithe margaidh[29] a bhí mar bhonn d'Achoimre Beartais Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta[30]. Dheimhnigh an staidéar treocht mhéadaitheach i gcomhchruinniú margaidh ar fud na n-earnálacha tionsclaíocha agus seirbhísí go léir le linn na tréimhse a scrúdaíodh, i gcomhthráth le treochtaí domhanda comhchosúla de réir fhoilseacháin na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

Is féidir tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht riaracháin neamhleor ar iomaíocht i soláthar poiblí

97 Mar a thuairiscítear i míreanna ***48***-***56***, níl nósanna imeachta soláthair phoiblí níos solúbtha ná níos simplí tar éis athchóiriú 2014, tá ualach riaracháin fós ard, tá nósanna imeachta fada, agus breathnaítear ar mhoilleanna íocaíochta, agus fágann na nithe sin go léir go ngintear costais do thairgeoirí féideartha atá ós cionn na gcostas a thabhaítear nuair atá siad in iomaíocht le haghaidh conarthaí soláthair san earnáil phríobháideach. Is é cur chuige an Choimisiúin nach bhfuil soláthar na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí inchomparáide mar nach ionann na ceanglais atá orthu, i.e. ní le caiteachas poiblí amháin a bhaineann an soláthar poiblí, ach le luach a chruthú don phobal freisin.

98 Chreid os cionn leath de fhreagróirí an tsuirbhé go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag easpa acmhainneachta riaracháin ar leibhéal na hiomaíochta. Mhéadaigh an líon sin go 71 % i gcás freagróirí atá ag obair i bpoist riaracháin. Leag siad béim ar shrianta ginearálta eolais agus ar ghanntanas ball foirne atá cáilithe chun nósanna imeachta a ullmhú agus a chur i gcrích a chuirfeadh leis an iomaíocht. Maidir le malartuithe trasteorann, shainaithin ionadaithe na mBallstát go bhfuil scileanna teanga ina mbacainn mhór ar chuideachtaí eachtracha atá ag déanamh tairiscintí i dtír eile.

---

[29] Koltay, Gabor agus Lorincz, Szabolcs agus Valletti, Tommaso M., 'Comhchruinniú agus Iomaíocht:Fianaise ón Eoraip agus na hImpleachtaí do Bheartas (2022)". CESifo Páipéar Oibre Uimh. 9640, ar fáil ag SSRN: https://ssrn.com/abstract=4069206.

[30] An Coimisiún: 'Achoimre ar Bheartas Iomaíochta: Comhchruinniú tionscail agus beartas iomaíochta', Eagrán 2021/02, Samhain 2021.

99 Luaigh freagróirí an tsuirbhé freisin gur minic gur saincheist a bhí in acmhainn riaracháin neamhleor do thairgeoirí, go háirithe do FBManna ina bhfuil líon teoranta foirne riaracháin agus beagán saineolais. Níl na nósanna imeachta casta, fada ná na soláthairtí diana acmhainní tarraingteach do chuideachtaí, go háirithe do FBManna. Is toisc eile é éagsúlacht na n-ardán soláthair phoiblí a mhéadaíonn castacht agus a chuireann leis an ualach riaracháin. Fágann sé sin freisin go mbíonn sé níos casta sonraí iomlána agus comhsheasmhacha a thiomsú ó na Ballstáit go léir.

100 Léirigh ár n-agallamh gur measadh go raibh moill íocaíochta ag laghdú go páirteach ar tharraingteacht an tsoláthair phoiblí; d'athraigh sé sin de réir na tíre lena mbaineann, de réir leibhéal na muiníne san earnáil phoiblí, agus de réir a láidreachta eacnamaíche. Ag an am céanna, ní rialaítear moilleanna íocaíochta leis na treoracha maidir le soláthar poiblí.

Gníomhaíochtaí maolaitheacha scaipthe chun baic ar iomaíocht i soláthar poiblí a laghdú

101 Bhí teorainn le gníomhaíochtaí maolaitheacha, amhail i ndáil le comhordú agus idirphlé. D'fhéadfadh simpliú agus feabhsú na nósanna imeachta a bheith mar thoradh ar mhalartú dea-chleachtas agus úsáid níos leithne a bhaint as réitigh aonair, rud a mhéadódh tarraingteacht conarthaí poiblí agus, ar an gcaoi sin, níos mó iomaíochta i soláthar poiblí. D'fhéadfadh an Coimisiún, ina cháil mar mhaoirseoir ar sholáthar poiblí an Aontais, ról comhordaithe níos láidre a fheidhmiú. Sna hagallaimh a bhí againn, chuir roinnt Ballstát in iúl go mbainfeadh siad tairbhe as comhordú níos mó i gcomhthéacs treoirlínte agus reachtaíochta, seachas na treoracha, maidir le soláthar poiblí.

102 Moladh i Straitéis 2017 (féach mír ***86***) go bhféadfadh coistí ábhartha na Parlaiminte agus na Comhairle Iomaíochta fóram a bhunú don díospóireacht pholaitiúil leanúnach maidir le soláthar poiblí sna Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm idirphlé struchtúrtha deonach freisin atá ailínithe le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Níor deimhníodh aon idirphlé struchtúrtha den sórt sin sna hagallaimh a bhí againn leis na Ballstáit.

103 I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, tarraingíonn an Coimisiún suas tuarascálacha de réir tíre gach bliain ina ndéantar measúnú, i measc nithe eile, ar fheidhmiú na margaí soláthair phoiblí náisiúnta mar thiomántóirí an mhargaidh aonair. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh an Coimisiún moltaí tírshonracha a mholadh don Chomhairle. Mar sin féin, ní raibh gné shonrach na hiomaíochta i soláthar poiblí lárnach do mheasúnuithe foriomlána an Choimisiúin.

104 Leis na sonraí a bheadh ar fáil, d'fhéadfaí anailís bhreise a dhéanamh ar ghnéithe feidhmíochta an tsoláthair phoiblí chun bunchúiseanna na tearcfheidhmíochta a shainaithint agus chun gníomhaíochtaí maolaitheacha a fheabhsú atá dírithe ar thairiscintí iomaíocha a chothú. Mar sin féin, ní dhearnadh na hanailísí sin ar an leibhéal Eorpach ná sna Ballstáit go fóill. Ina theannta sin, níor ceapadh an líon beag gníomhaíochtaí maolaithe a rinne an Coimisiún nó na Ballstáit ar bhonn anailís chuí ar shaincheisteanna feidhmíochta a sainaithníodh i soláthar poiblí agus seoladh iad ar bhealach neamhchomhordaithe.

105 Shainaithníomar tionscnaimh chun soláthar poiblí a phroifisiúnú agus saintaithí ábhartha a roinnt ar leibhéal náisiúnta, mar shampla, ag leanúint d'idirphlé struchtúrtha leis an gCoimisiún i gcomhthéacs caibidlíochtaí RRF (féach ***Bosca 7***).

Bosca 7

Tionscnaimh chun an soláthar poiblí a phroifisiúnú

Sa Chróit, tá córas deimhniúcháin éigeantach don soláthar poiblí curtha ar bun. Ní mór d'fhoireann ar a bhfuil ball deimhnithe amháin ar a laghad gach nós imeachta soláthair a chur i gcrích. Deonaítear deimhniú tar éis oiliúint chuimsitheach a chuirtear ar fáil do gach státseirbhísigh, agus atá ar fáil freisin do rannpháirtithe san earnáil phríobháideach.

Tá treoirlínte tiomnaithe á n-eisiúint ag an bPolainn maidir le sainiúlachtaí an tsoláthair phoiblí ina tíortha comharsanachta. Leis sin, beidh cuideachtaí Polannacha in ann páirt a ghlacadh i níos mó soláthair phoiblí thar lear.

Faoina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faoi seach, tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát (an Chróit, an Ungáir, an Iodáil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Ghréig) leas a bhaint as cistiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, chun feabhas a chur ar a nósanna imeachta riaracháin don soláthar poiblí, e.g. tríd an soláthar poiblí a dhigitiú, na córais atá ann cheana a nuachóiriú, cláir oiliúna a thabhairt isteach, etc.

106 Shainaithin an Coimisiún gur gá an t-idirphlé maidir le soláthar poiblí a neartú, agus tá sé beartaithe ag AS GROW tionscnamh nua a sheoladh do gach Ballstát in 2023. Deis a bheidh ann don Choimisiún ról comhordaithe a fheidhmiú maidir le scaipeadh na ndea-chleachtas soláthair phoiblí a shainaithin na Ballstáit, agus plean gníomhaíochta a fhorbairt, in éineacht leo, chun bunchúiseanna na drochfheidhmíochta soláthair phoiblí a shainaithint agus a mhaolú, ar plean é atá dírithe ar iomaíocht a mhéadú.

107 Ar deireadh, chuir an Coimisiún tús le tacaíocht theicniúil a thabhairt do Bhallstáit trína Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a tháinig i gcomharbacht air, chun cuidiú lena gcórais soláthair phoiblí a fheabhsú. Le haghaidh thréimhse 2017-2023, d'aontaigh an Coimisiún cistiú a thabhairt do 32 thionscadal maidir le hathchóiriú soláthair phoiblí i 14 Bhallstát[31]. Tá 11 díobh críochnaithe, 14 cheann fós ar siúl, 1 cheann á ullmhú, agus níor tosaíodh 6 cinn go fóill.

[31] An Bheilg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.

Conclúidí agus moltaí

108 Ar an iomlán, tagaimid ar an gconclúid gur laghdaigh leibhéal na hiomaíochta maidir le conarthaí poiblí chun oibreacha, earraí agus seirbhisí a sholáthar le 10 mbliana anuas i margadh aonair an Aontais. Tá easpa feasachta ann i dtaca le hiomaíocht a bheith mar phríomh-réamhriachtanas do luach ar airgead le haghaidh soláthair airgid. Níor bhain an Coimisiún ná na Ballstáit úsáid chórasach as na sonraí atá ar fáil chun bunchúiseanna na hiomaíochta teoranta i soláthar poiblí a shainaithint, agus ní dhearna siad ach gníomhaíochtaí scaipthe chun baic a laghdú.

109 In 2021, bhí na trí phríomhtháscairí chun iomaíocht a thomhas i soláthar poiblí ('gan glao ar tairiscint', 'tairgeoir aonair', 'roinnt tairiscintí') fós míshásúil sa chuid ba mhó de Bhallstáit. B'ionann dámhachtainí díreacha agus thart ar 16 % de nósanna imeachta soláthair phoiblí sa mhargadh aonair (féach míreanna ***31***-***33***).

110 Rinneadh os cionn 40 % de na dámhachtainí ar fad faoi nósanna imeachta ina raibh aon tairgeoir amháin. Léiríonn ár n-anailís sonraí freisin go raibh méadú beagnach dhá oiread ar thairiscintí aonair ar fud AE-27 idir 2011 agus 2021, agus go raibh laghdú beagnach faoina leath ar líon na dtairgeoirí de réir an nóis imeachta (féach míreanna ***35***-***36***).

111 Léiríonn difríochtaí suntasacha ó Bhallstát go chéile agus ó réigiún go chéile go nglacann údaráis chonarthacha na mBallstát cur chuige éagsúil maidir lena gcleachtais soláthair. Thairis sin, fuaireamar ilchineálacht freisin le haghaidh na dtáscairí sin ar fud earnálacha den gheilleagar i ndáil le sciar an tsoláthair phoiblí agus le héabhlóid na dtáscairí le 10 mbliana anuas (féach míreanna ***34***, ***37***-***39***).

112 Rinneamar anailís freisin ar ghnéithe eile d'fheidhmíocht sholáthair phoiblí i margadh aonair an Aontais, amhail soláthair dhíreacha trasteorann, a fhanann ar leibhéal teoranta 5 % de gach conradh soláthair. D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh tionchar ag easnamh iomaíochta leordhóthanach ar phraghasanna soláthair agus go mbeadh costais níos airde dá bharr. Ós rud é nach ndéanann an Coimisiún faireachán ar phraghasanna, níl sé soiléir cé chomh mór agus a bhí tionchar na hiomaíochta laghduithe cheana féin ar chostas oibreacha, earraí agus seirbhisí (féach míreanna ***41***-***46***).

113 Beartaíodh athchóiriú 2014 chun soláthar poiblí a dhéanamh níos simplí agus níos solúbtha, trédhearcacht na nósanna a mhéadú, rochtain níos éasca a ráthú le haghaidh na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, agus úsáid straitéiseach a bhaint as soláthar poiblí chun tacú le cuspóirí beartais an Aontais. Léirigh ár n-anailís sonraí nach raibh aon fheabhas suntasach ann go fóill mar gheall ar athchóiriú 2014, i dtaca le cén chaoi a ndéantar soláthar in údaráis chonarthacha. I gcás simpliúcháin, ní bhfuaireamar aon fheabhsú suntasach chun conarthaí poiblí a dhéanamh níos tarraingtí. Mhéadaigh meánfhad nósanna imeachta soláthair phoiblí faoina leath ó 2011. Léiríonn tionscnaimh amhail an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar agus eForms iarrachtaí an Choimisiúin nósanna imeachta soláthair phoiblí a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leis a laghdú, ach tá a dtionchar fós le léiriú. D'fhonn go mbeidh tionchar ag tionscnaimh den sórt sin, ní mór iad a ghlacadh go ginearálta. Chuige sin, tá gá le tacaíocht leanúnach ón gCoimisiún (féach míreanna ***48***-***56***).

114 Tagaimid ar an gconclúid freisin nár comhlíonadh na cuspóirí eile go fóill, mar léiríonn ár n-anailís go bhfuil rátaí foilsithe agus rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide araon míshásúil le linn na tréimhse iniúchta. Ní raibh ach tionchar teoranta ag cur chun cinn an tsoláthair straitéisigh ar an bhforiomlán, agus é mar aidhm leis breithniú níos mó ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta nó nuálacha a spreagadh, agus tá sciar na nósanna imeachta ina n-úsáidtear critéir dhámhachtana (seachas praghas) an-teoranta in ainneoin athchóiriú 2014. Níl an iomaíocht mar aidhm ag cuid de chuspóirí na n-athchóirithe in 2014, nó uaireanta fiú táthar teacht salach uirthi, agus ní thomhaistear gnéithe éagsúla d'fheidhmíocht an tsoláthair (féach míreanna ***57***-***66***).

Moladh 1 – Cuspóirí soláthair phoiblí a shoiléiriú agus tús áite a thabhairt dóibh

Ba cheart don Choimisiún próiseas a thionscnamh chun:

(a) cuspóirí a dhéanamh amach atá níos soiléire agus intomhaiste, agus tosaíocht a thabhairt do níos lú díobh;

(b) breithniú ar cheart cuspóirí beartais straitéisigh an Aontais a bhaint amach trí bhíthin na nithe seo a leanas:

- ceanglais straitéiseacha maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, nó ina ionad sin
- tuilleadh rialacháin ar shonraíochtaí maidir le hoibreacha, earraí agus seirbhísí.

Spriocdháta don chur chun feidhme: lár-2025

115 Maidir le huirlisí faireacháin an Choimisiúin, thángamar ar an gconclúid go bhfuil go leor easnamh ann a chuireann teorainn lena n-úsáideachta chun faireachán a dhéanamh ar staid an tsoláthair phoiblí sna Ballstáit, sna réigiúin agus sna hearnálacha eacnamaíocha. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht shonraí TED, ach tá iomláine sonraí fós ina saincheist mhór. D'fhéadfadh aitheantóir coiteann uathúil feabhas a chur ar úsáideachta bhunachar sonraí TED i dtaca le faireachán a dhéanamh. Fuaireamar freisin nach mbailítear na sonraí ábhartha go léir. Ós rud é gurb iad na húdaráis chonarthacha amháin atá freagrach as sonraí TED a chur isteach, tá sé níos tábhachtaí fós gealltanas a thabhairt agus aird a thabhairt maidir lena chinntiú go bhfuil na sonraí soláthair iomlán agus cruinn. Ba cheart é sin a spreagadh agus ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh air (féach míreanna ***71***-***75***).

Moladh 2 – Aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i sonraí soláthair phoiblí

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) iomláine agus beachtas sonraí TED a fheabhsú tuilleadh, go háirithe trí úsáid réimsí ionchuir roghnacha agus rialuithe leabaithe a chur chun cinn nuair atá sonraí á gcur isteach;

(b) sonraí faireacháin ábhartha breise a bhailiú ó fhoinsí comhlántacha, amhail Spás Sonraí an tSoláthair Phoiblí, chun iad a thabhairt do thráscairí faireacháin (ba cheart do na sonraí sin aitheantóirí uathúla do sholáthraithe, d'úinéirí tairbhiúla agus d'údaráis chonarthacha a chur san áireamh, agus i gcás ina raibh fáil uirthi, faisnéis faoi nósanna imeachta achomhairc ag tairgeoirí nár éirigh leo);

(c) Spás Sonraí an tSoláthair Phoiblí a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a thugtar trí eForms agus a fhoilsítear ar TED;

(d) a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit sonraí iomlána agus cruinne ar fáil ar bhealach comhsheasmhach ina dtuarascálacha faireacháin maidir le soláthar poiblí.

Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2025

116 Níl sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an tsoláthair phoiblí ach cur síos ginearálta ar staid an tsoláthair phoiblí. Fuaireamar freisin nach n-áirítear táscairí luachmhara sa Scórchlár (go príomha toisc nach gcuireann údaráis chonarthacha na sonraí bunúsacha ar aghaidh le bheith foilsithe in TED), agus nach bhfuil gnéithe áirithe modheolaíochta nochta. Ar deireadh, ní cheadaíonn sé anailís treocht chuí agus níl ardghnéithe tuairiscithe ann (féach míreanna ***68***-***70*** agus ***76***-***81***).

Moladh 3 – Nuashonrú a dhéanamh ar uirlisí an Choimisiúin chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar iomaíocht i soláthar poiblí

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) scóip an Scórchláir a ailíniú le cuspóirí sna treoracha, go háirithe trí táscairí breise a áireamh, e.g. a bhaineann le soláthar trasteorann agus straitéiseach;

(b) na treochtaí ilbhliantúla in iomaíocht i soláthar poiblí ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal na hearnála eacnamaíche a léiriú;

(c) a shainmhínithe táscaire agus a mhodhanna ríofa (agus aon athruithe orthu) a nochtadh go tráthúil;

(d) ardghnéithe tuairiscithe a thabhairt isteach lenar féidir sonraí soláthair phoiblí a fhiosrú tuilleadh;

(e) faisnéis a nochtadh maidir le nósanna imeachta achomhairc a sheol tairgeoirí nár éirigh leo;

(f) faisnéis maidir le hiomaíocht sna Ballstáit, sna réigiúin agus sna hearnálacha eacnamaíocha a chur san áireamh ina thuairisciú, bunaithe ar phríomhtháscairí feidhmíochta.

(g) bealaí nua a fhiosrú i dtaca le faireachán a dhéanamh ar phraghasanna soláthair phoiblí san Aontas agus sna Ballstáit.

Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2025

117 Tagaimid ar an gconclúid, go nuige seo, nár chuir an Coimisiún an laghdú ar iomaíocht i soláthar poiblí san áireamh go leordhóthanach. Ó glacadh treoracha 2014, dhírigh an Coimisiún go príomha ar iad a thrasuí sa dlí náisiúnta, agus ar chomhlíonadh na rialacha, ach ní ar fhaireachán córasach ar fheidhmíocht an tsoláthair phoiblí trí bhíthin na sonraí atá ar fáil. Dá bhrí sin, níor sainaithníodh na bunchúiseanna le feidhmíocht lag go córasach, ná níor tugadh aghaidh orthu go córasach ach oiread. I gcomhréir le straitéis 2017, tá roinnt bearta tionscanta ag an gCoimisiún chun cabhrú leis na Ballstáit torthaí níos fearr a bhaint amach ina nósanna imeachta soláthair phoiblí, ach is beag acu a thugann aghaidh ar an laghdú ar iomaíocht. Bhí moill ar an gCoimisiún maidir lena straitéis do 2017 a chur chun feidhme, agus níor tosaíodh gníomhaíocht suntasach ach le déanaí. Níor bhain an Coimisiún dóthain úsáide as próiseas an tSeimeastair Eorpaigh ar bhealach éifeachtach ach oiread, chun feasacht a ardú maidir leis an laghdú ar iomaíocht i soláthar poiblí (féach míreanna ***83***-***89***, ***103***).

118 Ar leibhéal na mBallstát, is beag tionscnamh a d'aimsigh bunchúiseanna na hiomaíochta teoranta i soláthar poiblí. Dhírigh na Ballstáit a n-aird den chuid is mó ar chomhlíonadh na rialacha soláthair seachas ar fheidhmíocht freisin. Níor bhraith údaráis chonarthacha gurbh saincheist í dearadh na nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus tionchar na nósanna imeachta sin ar iomaíocht, fad is a comhlíonadh na rialacha ábhartha.

119 Thug ár gcuid oibre iniúchóireachta tosca tábhachtacha chun solais a bhí mar bhonn leis an laghdú ar iomaíocht, amhail comhchruinniú an mhargaidh agus tarraingteacht theoranta an tsoláthair phoiblí do chuideachtaí, mar shampla mar gheall ar fhad na nósanna imeachta, critéir roghnúcháin róshriantacha, ceanglais theicniúla agus easpa acmhainneachta riaracháin. Is gá mionanailís bhreise a dhéanamh (féach míreanna ***90***-***100***).

120 Maidir le comhordú agus idirphlé, bhí gníomhaíochtaí an Choimisiúin teoranta. D'fhéadfadh simpliú agus feabhsú na nósanna imeachta a bheith mar thoradh ar mhalartú dea-chleachtas agus úsáid níos leithne a bhaint as réitigh aonair, agus ar an gcaoi sin, bheadh níos mó iomaíochta i soláthar poiblí laistigh den Aontas. I bhfianaise a acmhainneachta mar mhaoirseoir ar sholáthar poiblí san Aontas, d'fhéadfadh an Coimisiún ról comhordaithe níos láidre a fheidhmiú (féach míreanna ***101***-***107***).

Moladh 4 – Anailís níos doimhne a dhéanamh ar na cúiseanna is bun leis an laghdú, bearta a chur chun cinn chun príomhbhaic a shárú maidir le hiomaíocht, agus dea-chleachtas a chur chun cinn

(a) Bunaithe ar thorthaí ár n-iniúchta, agus i gcomhar leis na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún anailís níos doimhne a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá leis an iomaíocht lag i soláthar poiblí ar leibhéal an Aontais, na mBallstát, na hearnála réigiúnaí agus (i gcásanna ábhartha) na hearnála eacnamaíche.

(b) Ag brath ar thoradh na hanailíse sin, ba cheart don Choimisiún bearta a chur chun cinn chun príomhbhaic iomaíochta i soláthar poiblí a shárú agus aghaidh á thabhairt ar phríomhábhair imní na n-údarás conarthach, amhail:

— aon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú;

— forbairt nósanna imeachta éifeachtúla a chur chun cinn, go háirithe maidir le roghnú critéar roghnúcháin agus dámhachtana;

— acmhainneacht riaracháin a neartú;

— malartuithe dea-chleachtas a chothú;

— soláthar trasteorann a éascú trí fhaisnéis a bhaineann go sonrach leis na Ballstáit a lárú agus trí intleacht shaorga a ghiaráil chun baic teanga a shárú;

— conarthaí poiblí a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí, go háirithe do FBManna.

D'fhéadfaí plean gníomhaíochta ar fud an Aontais a bheith i gceist leis sin.

Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2025

Ghlac Seomra II, faoi cheannas Annemie Turtelboom, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 25 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Táscairí an Scórchláir

Táscaire (seiceáil na dtáscairí go dtí Feabhra 2023)	Céard atá á thomhas aige
Táscaire ilchodach	
Feidhmíocht i soláthar poiblí	Ríomhtar an táscaire ilchodach seo ar bhonn an 12 tháscaire a liostaítear thíos. Tá sé beartaithe measúnú foriomlán a dhéanamh ar staid an tsoláthair phoiblí. Stad an Coimisiún den táscaire ilchodach sin a phostáil agus de tháscairí aonair a sheiceáil i bhFeabhra 2023.
Táscairí a seiceáladh faoi thrí	
1: Tairiscintí aonair	Cion na gconarthaí a dámhadh nuair nach raibh ach tairgeoir amháin ann.
2: Gan glao ar thairiscintí	Cion na nósanna imeachta soláthair a caibidlíodh le cuideachta in éagmais glao ar thairiscintí.
3: Ráta foilsithe	Luach soláthair phoiblí a fhógraítear ar TED mar chion de OTI náisiúnta.
Táscairí seiceálaithe aonair	
4: Soláthar comhoibritheach	Cion na nósanna imeachta soláthair le níos mó ná ceannaitheoir poiblí amháin.
5: Critéir dhámhachtana	Cion na nósanna imeachta a dhámhtar toisc aon chúis amháin; go raibh an tairiscint ar an gceann is ísle.
6: Luas an chinnidh	Meánfhad na cinnteoireachta.
Aon tríú táscairí seiceálaithe	
7: Conraitheoirí FBM	Cion na gconraitheoirí FBM.
8: Tairiscintí FBM	Cion na dtairiscintí ó FBManna.
9: Nósanna imeachta roinnte ina luchtóga	Cion na dtairiscintí roinnte ina luchtóga.

10: Glao ar thairiscintí ar iarraidh	Cion na gconarthaí a dhámhtar tar éis glao ar thairiscintí a raibh a dteideal agus a gcoinníollacha doiléir.
11: Uimhreacha clárúcháin an díoltóra ar iarraidh	Cion na nósanna imeachta nach raibh uimhir chlárúcháin an díoltóra san áireamh iontu.
12: Uimhreacha clárúcháin an cheannaitheora ar iarraidh	Cion na nósanna imeachta nach raibh uimhir chlárúcháin an cheannaitheora san áireamh iontu.

Foinse: Scórchlár an Mhargaidh Aonair maidir le soláthar poiblí ón gCoimisiún.

Iarscríbhinn II – Modheolaíocht anailíse sonraí


Foinsí sonraí

Tarraingíonn ár n-anailís ar shonraí a thagann ó dhá fhoinse: **data.europa.eu** agus **Opentender.eu**. Tarraingíonn an dá shuíomh gréasáin ar **Tender Electronic Daily (TED)** le haghaidh sonraí.

Ní mór d'údaráis chonarthacha na sonraí maidir le gach tairiscint atá os cionn thairseacha an Aontais a fhoilsiú ar TED. Tá na sonraí sin ionchódaithe go díreach in TED nó i gcórais náisiúnta, agus ansin déantar iad a uaslódáil go huathoibríoch chuig TED trí chomhéadain. Tá sonraí TED ar fáil go laethúil i bhformáid XML. Uair sa bhliain, foilsíonn an Coimisiún sonraí TED i bhformáid so-úsáidte (CSV) ar an suíomh gréasáin **data.europa.eu**: comhad CSV amháin ar fhógraí conartha, agus ceann eile ar fhógraí dámhachtana conartha. Déanann an Coimisiún na sonraí a phróiseáil agus a sheiceáil roimh fhoilsiú den sórt sin, agus ansin úsáideann sé iad chun na táscairí i **Scórchlár an Mhargaidh Aonair** maidir le soláthar poiblí a ríomh.

Foilsítear sonraí TED faoi dhó sa bhliain freisin ar shuíomh gréasáin **Opentender.eu**, i bhformáid CSV, ach déantar na sonraí a phróiseáil ar bhealach éagsúil leis na sonraí sin atá ar fáil in **data.europa.eu** agus cumhdaítear na sonraí uile ó 2011 ar aghaidh ann. Soláthraíonn **Opentender.eu** ardán so-úsáidte do gheallsealbhóirí le teacht ar fhaisnéise faoi sholáthar poiblí, a fhaigheann a chuid foinsí ó TED agus ardáin soláthair phoiblí náisiúnta eile. Ba é an tionscadal **DIGIWHIST** (an Sceithire Digiteach) a sholáthair an t-ardán in 2018, agus ba é an clár Eorpach Fís 2020 a chistigh an t-ardán. Áiríodh cuibhreannas de shé chomhpháirtí ó chúig Bhallstát sa tionscadal, a raibh sé mar aidhm acu trédhearcacht agus iomaíocht cothrom i soláthar poiblí a fheabhsú ar fud an Aontais. Cuireann **Opentender.eu** tacar sonraí comhdhlúite ar fáil freisin ina ndéantar fógraí conartha agus fógraí dámhachtana conartha a réiteach (féach ***Fíor 14***).

Fíor 14 – Sonraí d'fhoinsí soláthair phoiblí san Aontas



Formáidí sonraí:

Comhaid XML (formáid comhaid theanga mharcála inbhreisithe)
Comhaid CSV (formáid comhaid luachanna camógdheighilte)

Foinse: CIE.

Anailís sonraí agus táscairí a ríomhadh

Cumhdaíonn ár n-anailís sonraí **tréimhse 2011-2021**. Rinneadh é ar bhonn **líon na nósanna imeachta soláthair**, seachas ar a luach, toisc gur minic a bhíonn sonraí maidir le luachanna conartha in easnamh ar TED.

Rinneamar na táscairí a úsáideadh sa Scórchlár a athríomh, ach ríomhamar **táscairí breise** freisin. Tá na táscairí go léir ar fáil do gach ceann de na **27 mBallstát**.

Ar an gcéad dul síos, ríomhamar cúig tháscaire a bhaineann le **cleachtais tairisceana**:

— gan glao ar thairiscintí, nó dámhachtain dhíreach: céatadán na dtairiscintí a caibidlíodh le hoibreoir eacnamaíoch in éagmais glao ar thairiscintí. Déanann an céatadán sin tomhas ar sciar na dtairiscintí ina bhfuil iomaíocht ar iarraidh (dámhachtana díreacha d'oibreoir eacnamaíoch réamhroghnaithe) nó ina bhfuil srian ar iomaíocht (nós imeachta idirbheartaithe gan fhoilsiú).

— fad tréimhse an chinnidh: meánlíon laethanta idir an spriocdháta chun tairiscintí a fháil agus dáta dámhachtana an chonartha. D'fhéadfaí faid le haghaidh tréimhsí cinnidh atá fada nó gearr ar bhealach neamhghnách a léiriú go mb'fhéidir go bhfuil saincheisteanna iomaíochta sa phróiseas tairisceana.

— critéir dhámhachtana: sciar na gconarthaí a dámhadh maidir le critéir a bhaineann le praghas amháin (an tairiscint is saoire). D'fhéadfaí tabhairt le fios ó spleáchas rómhór ar phraghas go bhféadfadh critéir níos fearr a chur in úsáid, agus mar sin go bhféadfadh ceannach níos fearr a dhéanamh. Os a choinne sin, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as critéir cháilíochta atá suibiachtúil chun leasa buaiteora réamhroghnaithe.

— fad na tréimhse fógraíochta: meánlíon laethanta idir foilsiú an fhógra tairisceana agus an spriocdháta chun tairiscintí a fháil. D'fhéadfadh tréimhse fógraíochta róghearr na tairgeoirí a dhíspreagadh chun tairiscintí leormhaithe a ullmhú, agus cuirfeadh an ceannaitheoir fógra neamhfhoirmiúil chuig an táirgeoir fabhrach faoin deis idir an dá linn. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an tréimhse fógraíochta a bheith an-fhada mar gheall ar dhúshláin dlíthiúla, rud a d'fhéadfadh rioscaí éilithe a thabhairt le tuiscint freisin.

— cineál nóis imeachta neamhoscailte: sciar na gconarthaí a dámhadh nár chuir an nós imeachta tairisceana ar fáil go poiblí.

Níl an dá cheann dheireanacha thuas ar fáil sa Scórchlár.

Ar an dara dul síos, ríomhamar **cúig tháscaire** chun **leibhéal na hiomaíochta** i soláthar poiblí a thomhas (‘táscairí iomaíochta’):

— tairiscint aonair: an sciar soláthair nach raibh ach tairgeoir amháin ann ina leith;

— líon na dtairgeoirí: líon na dtairgeoirí in aghaidh na luchtóige;

— soláthróir áitiúil: sciar an tairgeora bhuaitigh a bhí cláraithe sa réigiún NUTS2 céanna agus a bhí an t-údarás conarthach;

— iontráil nua sa mhargadh: sciar an tsoláthróra i mbliain ar leith, margadh agus réigiún ar leith a bhí mar iontrálaí nua;

— comhchruinniú margaidh: sciar luach conartha an tairgeora as luach iomlán an chonartha i margadh, ceantar agus bliain ar leith.

Is é an táscaire tairisceana aonair an t-aon cheann amháin díobh siúd atá liostaithe thuas atá ar fáil sa Scórchlár.

Chuireamar san áireamh freisin ár n-anailís ar chonarthaí poiblí a dámhadh trí nós imeachta caibidlithe gan fógra conartha a fhógairt, fad agus a bhí siad ionchódaithe in TED. Is conarthaí iad sin ar féidir a dhámh go díreach i ndiaidh caibidlíochtaí faoi na treoracha (e.g. i staid monaplachta). Tá sé sin difriúil ón gcur chuige a rinne an Coimisiún le haghaidh táscairí an Scórchláir.

Rinneadh luachanna an táscaire **tairisceana aonair** a ríomh freisin ar **leibhéal réigiúnach (NUTS2)** i gcás **10 n-earnáil eacnamaíocha**: tógáil, fuinneamh, seirbhísí innealtóireachta, seirbhísí airgeadais, seirbhísí sláinte, trealamh leighis, deisiúcháin, seirbhísí séarachais, trealamh iompair agus seirbhísí iompair. Níl an leibhéal faisnéise sin ar fáil sa Scórchlár.

Próiseáil sonraí

Rinneadh neart céimeanna próiseála sonraí ar shonraí TED d’fhonn ríomh tháscairí den sórt sin a cheadú. Go háirithe:

— scóip na dtairiscintí: ní áirítear tairiscintí lamháltais, tairiscintí seirbhíse sóisialta, ná conarthaí cosanta ar tháscairí, mar gheall nár cumhdaíodh iad leis an treoir ag an tús. Ní áirítear ach sonraí a bhaineann le dámhachtana dara céime i gcreatchomhaontuithe.

— glanadh sonraí: is éard atá ann ná ainmneacha, cineálacha nós imeachta agus seoltaí a chaighdeánú, foilseacháin a bhaineann leis an tairiscint chéanna a ghrúpáil, airgeadraí a chomhshó, agus asluitigh a bhaint. A mhéid a bhaineann le luachanna conarthacha atá ar iarraidh nó difriúil, cuirtear meánluach conarthach ina n-ionad.

Samhlacha staidrimh

Bhaineamar úsáid freisin as dhá shamhail staitisticiúla éagsúla chun anailís a dhéanamh ar ár dtacar sonraí don dá chuspóir seo a leanas, i.e. chun measúnú a dhéanamh ar a leanas:

— an raibh tionchar ag **teacht i bhfeidhm athchóiriú 2014 ar na treoracha** ar na táscairí lenar tomhaiseadh leibhéal na hiomaíochta (**'measúnú ar an Treoir'**);

— an raibh **comhghaol** idir leibhéal na **tairisceana aonair** agus na táscairí a bhaineann le **cleachtais tairisceana** (**'Cás beartais'**).

Nóta mionsonraithe faoin modheolaíocht

Tá nóta mionsonraithe faoin modheolaíocht ar ár n-anailís sonraí ar fáil ar Dheais Soláthair Phoiblí CIE https://public.tableau.com/app/profile/gti1940/viz/eca_dashboard/Story.

Iarscríbhinn III – Deais Soláthair Phoiblí CIE – Treoir d'úsáideoirí


Chruthaíomar **deais CIE** don iniúchadh seo, lenar féidir **fiosrúchán idirghníomhach** a dhéanamh ar ár dtacar sonraí, chomh maith le léirshamhlú treochtaí.

Tá an deais roinnte ina **hocht dtáb**:

— **Réamhrá:** leathanach baile do Dheais CIE ina sonraítear a chuspóir go hachomair;

— **Táscairí an Scórchláir:** táscairí an Scórchláir do thréimhse 2011-2020 a athríomh, bunaithe ar shonraí oscailte TED, atá ar fáil ar data.europa.eu. Is féidir na treochtaí sna táscairí sin le linn thréimhse 2011-2020 a fheiceáil freisin (féach *Fíor 15*);

Fíor 15 – Táscairí an Scórchláir



Foinse: Deais CIE.

— **Táscairí iomaíochta:** táscairí lena dtomhaistear iomaíocht i soláthar poiblí, bunaithe ar shonraí oscailte Opentender.eu thar thréimhse 2011-2021;

— **Iomaíocht tíre:** anailís mhionsonraithe ar shonraí a bhaineann leis an táscaire tairisceana aonair, bunaithe ar shonraí oscailte Opentender.eu thar thréimhse 2011-2021;

— **Cleachtais tairisceana:** táscairí lena dtomhaistear cleachtais soláthair phoiblí, bunaithe ar shonraí oscailte Opentender.eu thar thréimhse 2011-2021;

— **Infhaighteacht sonraí:** anailís mhionsonraithe ar shonraí a bhaineann le faisnéis ar iarraidh;

— **Measúnú ar an Treoir:** samhail staidrimh a léiríonn tionchar na dtreoracha ar tháscairí áirithe;

— **Cásanna beartais:** samhail staidrimh lena dtuartar na hathruithe tionchair ar chleachtais soláthair ar an táscaire tairisceana aonair.

Faoin táb **'Táscairí an Scórchláir'**, is féidir leis an ngné **'Roghnaigh Táscaire'** ceann amháin den 12 tháscaire seo a leanas a roghnú: tairiscint aonair, gan glao ar thairiscintí, ráta foilsithe, soláthar comhoibritheach, critéir dhámhachtana, luas cinnteoireachta, conraitheoirí FBManna, tairiscintí FBManna, nósanna imeachta roinnte ina luchtóga, glao ar thairiscintí ar iarraidh, uimhir chlárúcháin an díoltóra ar iarraidh, uimhir chláraithe an cheannaitheora ar iarraidh, chomh maith leis an scór ilchodach a bhíodh á léiriú sa Scórchlár le solas trí dhath.

Leis an ngné **'Roghnaigh bliain'**, is féidir bliain ar leith a roghnú a thaispeánann luach an táscaire a roghnaíodh do thír ar leith ar an léarscáil. Má bhogann tú an luch thar an léarscáil, is féidir leat ainmneacha na dtíortha agus an luach táscaire don réimse roghnaithe a fheiceáil.

Leis an ngné **'Líon na dtíortha le feiceáil'**, is féidir líon na dtíortha atá le feiceáil sa rangú tíre a roghnú. Má bhogann tú an luch thar na bratacha is féidir leat ainmneacha na dtíortha a fheiceáil.

Tá rochtain ag an bpobal ar an **deais CIE** sin ag https://public.tableau.com/app/profile/gti1940/viz/eca_dashboard/Story.

Giorrúcháin

AS GROW: An Ardstiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna

EORI: Uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha

ESPD: Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar

FBManna: Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

NUTS: Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh

OTI: Olltáirgeacht intíre

PPDS: Spás Eorpach shonraí an tsoláthair phoiblí

TED: Tender Electronic Daily

Gluais

An margadh aonair: Bloc trádála bunaithe ar shaorghluaiseacht earraí, caipitil, seirbhísí agus daoine, lena gcuimsítear geilleagair 27 mBallstát an Aontais agus an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

An Seimeastar Eorpach: Timthriall bliantúil a chuireann creat ar fáil maidir le comhordú bheartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais agus maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

An tSaoráid Téarnaimh & Athléimneachta: Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus téarnamh a spreagadh, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití.

Anailís sonraí: An próiseas trína mbailítear, trína samhlaítear agus trína scrúdaítear sonraí chun léargas a bhaint astu ar shlí a thacaíonn leis an gcinnteoireacht.

Bunachar sonraí: Tacar struchtúrtha sonraí atá stóráilte go leictreonach agus atá ar fáil chun iad a cheadú agus a asbhaint.

Calaois: Meabhlaireacht intinneach agus neamhdhleathach a dhéanamh chun buntáiste ábharthach a ghnóthú trí mhaoin nó airgead a choinneáil ó pháirtí eile.

Creatchonradh: Comhaontú leathan faoinar féidir tuilleadh conarthaí sonracha a thabhairt i gcrích.

Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar: Foirm chaighdeánach ina ndearbhaíonn tairgeoirí go gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta le haghaidh nós imeachta soláthair phoiblí san Aontas.

eForms: Tacar foirmeacha digiteacha caighdeánacha ón Aontas chun fógraí tairisceana, fógraí dáfa conarthaí agus faisnéis soláthair eile a fhoilsiú.

Éifeachtacht: A mhéid a dhéantar na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí a dhéantar.

Éifeachtúlacht: An ghaolmhaireacht is fearr idir na hacmhainní a úsáidtear, na gníomhaíochtaí a dhéantar agus gnóthú na gcuspóirí.

Éilliú: Mí-úsáid a bhaint as cumhacht phoiblí, chorparáideach nó phearsanta ar mhaithe le gnóthachan aindleathach.

Faireachán: Breathnú agus seiceáil chórasach a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo cuspóir a bhaint amach, trí tháscairí go páirteach.

Feidhmíocht: Tomhas ar cé chomh maith atá na cuspóirí comhlíonta ag gníomhaíocht, tionscadal nó clár atá cistithe ag an Aontas agus cé chomh maith atá luach ar airgead curtha ar fáil.

Fiontair bheaga agus mheánmhéide: Sainmhíniú méide a úsáidtear i gcás cuideachtaí agus eagraíochtaí eile, bunaithe ar an líon foirne atá fostaithe agus ar chritéir airgeadais áirithe. Bíonn níos lú ná 50 ball foirne i bhfiontair bheaga, agus láimhdeachas acu, nó iomlán an chláir comhardaithe, nach mó é ná €10 milliún. Bíonn níos lú ná 250 ball foirne fostaithe sna fiontair mheánmhéide, agus láimhdeachas suas le €50 milliún acu nó iomlán an chláir comhardaithe suas le €43 mhilliún.

Fís 2020: Clár an Aontais don chistiú taighde agus nuálaíochta i dtréimhse 2014-2020.

Moladh tírshonrach: Treoraíocht bhliantúil a eisíonn an Coimisiún, mar chuid den Seimeastar Eorpach, chuig Ballstáit aonair maidir lena mbeartais mhaicreacnamaíocha, bhuiséadacha agus struchtúracha.

Nós imeachta soláthair idirbheartaithe: Nós imeachta soláthair poiblí lena mbaineann líon srianta tairgeoirí, inar féidir leis an gceannaitheoir caibidliú a dhéanamh ar théarmaí an chonartha.

Nós imeachta soláthair oscailte: Nós imeachta soláthair poiblí inar féidir le gach tairgeoir féideartha páirt a ghlacadh.

NUTS: Córas lena ndéantar réigiúin an Aontais a aicmiú i dtrí ghrúpa de réir mhéid an daonra le haghaidh staidrimh agus ceaptha beartas réigiúnach.

Oibreoir eacnamaíoch: Aon duine aonair nó eintiteas a sholáthraíonn táirge nó seirbhís mar mhalairt ar íocaíocht.

Olltáirgeacht intíre: Tomhas caighdeánach ar rachmas tíre, bunaithe ar luach iomlán na n-earraí agus na seirbhísí a táirgeadh ann (le linn bliain amháin de ghnáth).

Rialacha cur chun feidhme: Rialacha mionsonraithe lena dtugtar treoracha maidir le cén chaoi cuid den reachtaíocht a chur i bhfeidhm.

Soláthar poiblí: Earraí, oibreacha nó seirbhísí a bheith á gceannach ag comhlacht poiblí nó údarás eile trí nós imeachta oscailte agus iomaíoch, chun cáilíocht agus luach ar airgead a bhaint amach.

Soláthar trasteorann: Nósanna imeachta soláthair ina bhfuil tír bhaile an tairgeora bhuaiteach difriúil ó thír bhaile an cheannaitheora.

Sonraí: Tacar luachanna d'athróga cainníochtúla nó cáilíochtúla, amhail fíricí nó tomhais, ónar féidir faisnéis a ghiniúint.

Spás sonraí an tsoláthair phoiblí: Córas atá beartaithe san Aontas Eorpach (AE) a bhfuil sé mar aidhm leis bunachair sonraí éagsúla a nascadh ina bhfuil faisnéis faoi sholáthar poiblí, lena n-áirítear sonraí TED (Tenders Electronic Daily) agus sonraí soláthair náisiúnta.

Tacar sonraí: Aon bhailiúchán eagraithe de shonraí.

Táscaire: Faisnéis a úsáidtear chun gné den fheidhmíocht a thomhas nó a mheasúnú.

Tenders Electronic Daily (TED) Leagan ar líne d'iris oifigiúil an tsoláthair phoiblí Eorpaigh agus ardán ar líne ina bhfuil gach fógra gníomhach a fhoilsítear in 'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh' le haghaidh deiseanna soláthair phoiblí ar fud an Aontais.

Toradh: Athrú láithreach nó níos fadtéarmaí, beartaithe nó neamhbheartaithe, a eascraíonn as tionscadal, amhail na tairbhí a eascraíonn as fórsa saothair a bhfuil oiliúint níos fearr air.

Údaráis chonarthacha: Eintitis phoiblí nó eagraíochtaí atá freagrach as conarthaí a dhámhachtain le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhisí.

Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/SR-2023-28

Tráthchlár

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/SR-2023-28

An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta II – Infheistíocht sa Chomhtháthú, san Fhás agus sa Chuimsiú, atá faoi cheannas Annemie Turtelboom (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Bhí an t-iniúchadh faoi stiúir Helga Berger (Comhalta den Chúirt), le tacaíocht ó Silvia Janik (Ceann na hOifige Príobháidí) agus Franz Ebermann (Ataisé na hOifige Príobháidí), Friedemann Zippel (Príomhbhainisteoir); Julia Pilarczyk (Ceann Cúraim); Christophe Grosnickel, Mihaela Pavel agus Ioanna Topa (Iniúchóirí). Thug Ioannis Hartoutsios tacaíocht TF. Thug Lukasz Kolodziej tacaíocht in anailís sonraí agus i dtacaíocht deaise. Thug Marika Meisenzahl agus Agnese Balode tacaíocht ghrafach.



Ó chlé go deas: Ioannis Hartoutsios, Silvia Janik, Friedemann Zippel, Helga Berger, Franz Ebermann, Marika Meisenzahl, Christophe Grosnickel.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Fíoracha 1, 5 agus 9 – Deilbhíní: Dearadh na fíoracha seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-1227-8	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/133346	QJ-AB-23-027-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-1235-3	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/325891	QJ-AB-23-027-GA-N

Is príomhghné den mhargadh aonair é an soláthar poiblí. Cabhraíonn sé le húdaráis phoiblí i mBallstáit an luach is fearr ar airgead a fháil nuair atá oibreacha, earraí agus seirbhisí á gceannach acu trí na cuideachtaí is fearr ó thaobh feidhmíochta de a roghnú. Ar a bharr sin, rannchuidíonn sé le margaí a dhéanamh níos iomaíche agus cosnaíonn sé leas an phobail. Le 10 mbliana anuas, fuaireamar gur laghdaigh an iomaíocht le haghaidh conarthaí poiblí agus nár thug athchóiriú 2014 ar threoracha AE aon léiriú go ndéanfar aisiompú ar an laghdú sin. Tríd is tríd, tá easpa feasachta ar iomaíocht i soláthar poiblí. Ní úsáidtear sonraí go córasach chun na cúiseanna is bun leis an laghdú a shainaithint, agus ní dhéantar ach gníomhaíochta scaipthe chun baic a laghdú. Is é an chonclúid atá againn ná nár baineadh amach príomhspriocanna athchóiriú 2014 an Aontais chun iomaíocht a chinntiú (amhail nósanna imeachta soláthair a shimpliú agus a ghiorrú), agus fiú amháin go bhféadfadh sé go laghdaítear iomaíocht mar gheall ar chuid de na cuspóirí. Molaimid na nithe seo a leanas: cuspóirí soláthair phoiblí a shoiléiriú agus tús áite a thabhairt dóibh; na bearnaí a dhúnadh i dtaca le sonraí soláthair phoiblí a bailíodh; feabhas a chur ar a uirlisí faireacháin ar mhaithe le hanailísiú níos fearr; anailís níos doimhne a dhéanamh ar na cúiseanna is bun leis an laghdú; agus plean gníomhaíochta a chur chun cinn chun príomhbhaic a shárú maidir le hiomaíocht i soláthar poiblí.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors